# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 107

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

21 Aibreán 2023


Clár


I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú** ([1]) ..................... 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/840 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an mhodheolaíocht chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le húsáid i gcomhréir le hAirteagal 9(14) den Rialachán sin a ríomh agus a chothabháil** ([1]) ..................... 29

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2023/841 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2023 maidir le hionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a cheapadh** ..................... 39


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/839 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 19 Aibreán 2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Comhaontú Pháras, a glacadh an 12 Nollaig 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ("Comhaontú Pháras"), i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. D'aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. Treisíodh an gealltanas sin le glacadh Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú an 13 Samhain 2021 faoi UNFCCC, ina n-aithníonn Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC, ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, go mbeidh tionchair an athraithe aeráide i bhfad níos ísle ag méadú teochta 1,5ºC, i gcomparáid le 2 °C, agus ina bhfuil rún daingean aici iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1,5 °C.

(2) I dTuarascáil Mheasúnaithe Dhomhanda 2019 uaidh maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, sholáthair an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) an fhianaise eolaíoch is déanaí maidir le creimeadh leanúnach domhanda na bithéagsúlachta. Le teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 - Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 - An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] ("Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030"), cuirtear dlús le huaillmhian an Aontais maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú agus maidir le héiceachórais a fheidhmíonn go maith. Tá foraoisí agus ithreacha sláintiúla thar a bheith tábhachtach don bhithéagsúlacht, agus freisin d'íonú aeir agus uisce, do cheapadh agus stóráil carbóin, agus do

([1]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 192.
([2]) IO C 301, 5.8.2022, lch. 221.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023.

sholáthar táirgí adhmaid fadsaolacha a fhoinsítear ar bhealach inbhuanaithe. Tá cineál agus feidhm na bhforaoisí an-éagsúil ar fud an Aontais, agus tá cineálacha foraoisí áirithe níos leochailí don athrú aeráide mar gheall ar thionchair dhíreacha, amhail triomach nó críonadh siar foraoise arna spreagadh ag teocht nó athruithe tuire. Cuireann an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise leis an ngéarchéim dhomhanda aeráide toisc go méadaíonn siad astaíochtaí gás ceaptha teasa, *inter alia*, trí dhóiteáin foraoise a bhaineann leo, rud a bhaineann acmhainní linnte carbóin go buan, trí athléimneacht an athraithe aeráide a laghdú sna limistéir atá buailte agus trí bhithéagsúlacht na limistéar sin a laghdú go suntasach.

I roinnt catagóirí tuairiscithe, le haghaidh gníomhaíocht ar son na haeráide agus chosaint na bithéagsúlachta de, tá ábharthacht an-mhór freisin ag baint le carbón orgánach ithreach agus taiscumair charbóin d'adhmad marbh, a gcothaíonn go leor díobh an taiscumar carbóin ithreach. I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar teideal *New EU Forest Strategy for 2030* ("Straitéis Foraoise nua an Aontais do 2030") agus i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 dar teideal *EU Soil Strategy for 2030 - Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate* [Straitéis Ithreach an Aontais do 2030 – Leas a bhainfidh na daoine as ithreacha sláintiúla, mar aon le leas an bhia, an dúlra agus na haeráide] ("Straitéis Ithreach an Aontais do 2030"), aithnítear gur gá cáilíocht na bhforaoisí agus na n-éiceachóras ithreach a chosaint agus a fheabhsú san Aontas, agus cleachtais athneartaithe a spreagadh maidir le bainistiú inbhuanaithe, ar cleachtais iad lenar féidir ceapadh carbóin a fheabhsú agus athléimneacht foraoisí agus ithreacha a neartú i bhfianaise na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta. Is iad na tailte móna an stór talún is mó de charbón orgánach, agus is gné thábhachtach é feabhas a chur ar bhainistiú agus ar chosaint tailte móna chun rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide, agus le bithéagsúlacht agus ithir a chosaint ar chreimeadh.

(3) Túsphointe atá i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* ("An Comhaontú Glas don Eoraip") chun cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, ar aidhm í a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Nascann sé sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas Eorpach faoi 2050, agus leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm di sochaí chothrom agus rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní. Tá sé mar aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An tráth céanna, tá gnéithe comhionannais inscne ag an aistriú sin mar aon le tionchair ar leith ar roinnt grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus leochaileach, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus ionchuimsitheach, agus nach bhfágfar aon duine ar lár.

(4) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. D'iarr Parlaimint na hEorpa, i rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([5]), go ndéanfaí an t-aistriú is gá chuig sochaí aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí agus, ina rún an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil, d'fhógair sí éigeandáil aeráide agus chomhshaoil ([6]). Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise thionchair fhíor-thromchúiseacha phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.

(5) Tá sé tábhachtach a áirithiú, maidir leis na bearta a dhéantar chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, go ngnóthófar iad i gcomhréir leis an gcuspóir forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh (CAE), agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Comhaontú Pháras agus an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha, de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(6) Faoi 2030, tá an tAontas tiomanta do ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud gheilleagar an Aontais a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 sa rannchuidiú a tugadh cothrom le dáta agus a cinneadh go náisiúnta agus a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020.

([4]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).
([5]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
([6]) IO C 232, 16.6.2021, lch. 28.
([7]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(7) Trí Rialachán (AE) 2021/1119 a ghlacadh, chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht an cuspóir cothromaíocht a bhaint amach ar fud an gheilleagair idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistrithe linnte astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas faoi 2050, agus, de réir mar is iomchuí, an cuspóir astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin sprioc laghdaithe intíre cheangailteach de chuid an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) i gcomparáid le leibhéil 1990 a bhaint amach faoi 2030. Beifear ag súil go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar le gnóthú na sprice sin, lena n-áirítear earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ("LULUCF"). Chun a áirithiú go mbeidh iarrachtaí leordhóthanacha maolaithe á ndéanamh in earnálacha eile suas go 2030, beidh rannchuidiú na nglanaistrithe le sprioc aeráide 2030 an Aontais teoranta do 225 mhilliún tona de choibhéis $CO_2$. I gcomhthéacs Rialachán (AE) 2021/1119, d'athdhearbhaigh an Coimisiún i ráiteas comhfhreagrach an rún atá aige leasú ar Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) a mholadh, i gcomhréir leis an uaillmhian glanaistrithe carbóin a mhéadú chuig leibhéil os cionn 300 milliún tona de choibhéis $CO_2$ ar an earnáil LULUCF faoi 2030.

(8) Chun rannchuidiú leis an uaillmhian mhéadaithe chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ó 40 % ar a laghad go dtí 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990, agus chun a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil LULUCF go hinbhuanaithe agus go hintuartha san fhadtéarma le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach, ba cheart spriocanna ceangailteacha maidir le méadú glanaistrithe gás ceaptha teasa a shocrú le haghaidh gach Ballstáit i dtaca leis an earnáil LULUCF idir 2026 agus 2030, ar spriocanna iad óna dtiocfaidh sprioc 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ i nglanaistrithe don Aontas trí chéile in 2030. Leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na spriocanna náisiúnta a bhunú do 2030, ba cheart a chur san áireamh an bhearna idir sprioc an Aontais agus na meánlíonta astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe ó na blianta 2016, 2017 agus 2018, arna dtuairisciú ag gach Ballstát san aighneacht uaidh in 2020; agus ba cheart a léiriú inti an fheidhmíocht mhaolaithe reatha maidir leis an earnáil LULUCF, agus sciar gach Ballstáit den achar talún bainistithe san Aontas, agus cumas an Bhallstáit sin á thabhairt san áireamh chun a fheidhmíocht a fheabhsú san earnáil trí mheán cleachtais bhainistíochta talún nó athruithe ar úsáid talún a théann chun tairbhe na haeráide agus na bithéagsúlachta. B'ionann sárghnóthachtáil ag na Ballstáit agus rannchuidiú níos mó le baint amach chuspóirí aeráide an Aontais.

(9) Ba cheart na spriocanna ceangailteacha maidir le huaillmhian mhéadaithe i ndáil le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa a chinneadh le haghaidh gach Ballstáit de réir conair líneach. Ba cheart tús a chur leis an gconair in 2022 ar mheánlíon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairiscíonn an Ballstát sin le linn 2021, 2022 agus 2023, agus ba cheart deireadh a chur léi in 2030 ar an sprioc a bheidh leagtha amach don Bhallstát sin. Chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an Aontais do 2030 ar bhonn comhchoiteann, agus éagsúlacht idirbhliantúil na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa san earnáil LULUCF á cur san áireamh, is iomchuí gealltanas a shocrú do gach Ballstát chun suim glanaistrithe gás ceaptha teasa a bhaint amach don tréimhse ó 2026 go 2030 ("buiséad 2026-2030") de bhreis ar an sprioc náisiúnta don bhliain 2030.

(10) Dearadh na rialacha cuntasaíochta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 8 agus 10 de Rialachán (AE) 2018/841 lena fháil amach an méid a rannchuideodh feidhmíocht mhaolaithe san earnáil LULUCF le sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc nár áiríodh an earnáil LULUCF léi. D'fhonn an creat rialála don earnáil sin a shimpliú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha cuntasaíochta reatha tar éis 2025, agus ba cheart comhlíonadh spriocanna náisiúnta na mBallstát a fhíorú ar bhonn na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa atá tuairiscithe. Sholáthródh sé sin comhsheasmhacht mhodheolaíoch le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), le Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), agus leis an sprioc nua maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad, lena n-áirítear an earnáil LULUCF.

---

([8]) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

([9]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil leis an Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([10]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

(11) An 16 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú [11], inar leag sí béim ar an ngá atá le bearta tionlacain agus le haird ar leith a thabhairt ar thacaíocht do na réigiúin, tionscail, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide, oibrithe, teaghlaigh agus tomhaltóirí sin a mbeidh na dúshláin is mó rompu. Leis an Moladh sin, moltar do na Ballstáit féachaint ar shraith beart sna réimsí a bhaineann le fostaíocht agus aistrithe i margadh an tsaothair, cruthú post agus fiontraíocht, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, soláthar poiblí, córais chánachais agus cosanta sóisialta, seirbhísí bunriachtanacha agus tithíocht, agus, *inter alia*, d'fhonn comhionannas inscne, oideachas agus oiliúint a neartú.

(12) I bhfianaise shaintréithe na hearnála LULUCF i ngach Ballstát, chomh maith leis an gcaoi nach foláir do Bhallstáit a bhfeidhmíocht a mhéadú chun a spriocanna ceangailteacha náisiúnta a ghnóthú; ba cheart raon solúbthachtaí a bheith fós ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear barrachais trádála ar phraghas íosta agus síneadh le solúbthachtaí forais-sonracha, agus urraim á léiriú do shláine comhshaoil na spriocanna.

(13) Forálacha malartacha maidir le suaití nádúrtha (aibitheacha agus bitheacha) amhail dóiteáin, ráigeanna lotnaidí, stoirmeacha agus tuilte foircneacha, chun aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteachtaí san earnáil LULUCF, ba cheart iad a bheith ar fáil in 2032 do na Ballstáit a bhfuil a ndícheall déanta acu aon tuairim ón gCoimisiún a cuireadh faoina mbráid a chur san áireamh i gcomhthéacs na gníomhaíochta ceartaithí a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo, ar choinníoll go bhfuil gach solúbthachta eile atá ar fáil dóibh ídithe acu, go bhfuil bearta iomchuí curtha i bhfeidhm acu chun leochaileacht a gcuid talún i leith na suaití sin a laghdú agus gur baineadh amach sprioc 2030 an Aontais don earnáil LULUCF.

(14) Ina theannta sin, ba cheart éifeachtaí idirleata agus fadtéarmacha an athraithe aeráide, seachas suaithí nádúrtha a bíonn, go bunúsach, níos sealadaí agus níos logánta ó thaobh na geografaíochta de, a chur san áireamh. Leis an tsolúbthacht sin, ba cheart go mbeifí in ann éifeachtaí leagáide na mbeart bainistithe a rinneadh san am a chuaigh thart a chur san áireamh, a mbeadh baint acu le sciar d'ithreacha orgánacha ar thalamh bainistithe atá thar a bheith ard i gcomparáid le meán an Aontais i roinnt Ballstát. Ba cheart na méideanna cúitimh nár úsáideadh agus atá ar fáil faoi Iarscríbhinn VII in imeacht na tréimhse 2021 go 2030 a chur ar fáil chun na críche sin, bunaithe ar fhianaise a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit lena mbaineann ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar bhonn táscairí oibiachtúla, intomhaiste agus inchomparáide amhail an t-innéacs tuire, de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun gaineamhlú a chomhrac sna tíortha sin a bhfuil triomach tromchúiseach agus/nó gaineamhlú iontu, go háirithe san Afraic [12], a shainítear mar an cóimheas idir meánfhrasaíocht bhliantúil agus meán-imghalú bliantúil. Ba cheart an leithdháileadh i measc na mBallstát a dhéanamh, ag féachaint don fhianaise arna tíolacadh, ar bhonn an chóimheasa idir an méid 50 Mt $CO_2$ atá ar fáil agus méid iomlán an chúitimh a iarrann na Ballstáit sin.

(15) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Rialachán (AE) 2018/841 i ndáil le leagan amach na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe bliantúla gás ceaptha teasa do gach bliain sa tréimhse ó 2026 go 2029 arna mbunú ar bhonn conair líneach a chríochnaíonn sa sprioc do 2030 le haghaidh na mBallstát, agus chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an modheolaíocht le haghaidh fianaise a bhaineann le tionchair fhadtéarmacha an athraithe aeráide nach féidir leis na Ballstáit aon rialú a dhéanamh orthu agus maidir leis na héifeachtaí a bhíonn ag cion thar a bheith ard d'ithreacha orgánacha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [13].

(16) Ba cheart na rialacha maidir le rialachas a leagan amach ar bhealach lena gcuirfear chun cinn luathghníomhaíocht i dtreo sprioc aeráide idirmheánach an Aontais do 2030 agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais ar fud an gheilleagair a bhaint amach, ag leanúint na conaire do na blianta 2026 go 2029 arna tabhairt isteach leis an Rialachán leasaitheach seo. Ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail a leagadh síos i Rialachán (AE) 2018/842 *mutatis mutandis*, agus iolraitheoir a bheith ag gabháil leo arna ríomh ar an gcaoi seo a leanas: Déanfar 108 % den bhearna idir buiséad de chuid Ballstáit le haghaidh 2026 go 2029 agus na glanaistrithe comhfhreagracha a thuairiscítear a chur leis an bhfigiúr arna thuairisciú ag an mBallstát sin do 2030. Ina theannta sin, ba cheart aon easnamh arna charnadh ag gach Ballstát a chur san áireamh i gcás ina dtíolacfaidh an Coimisiún tograí maidir le tréimhse iar-2030.

---

[11] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35).

[12] IO L 83, 19.3.1998, lch. 3.

[13] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(17) Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil ([14]) ("Coinbhinsiún Aarhus"). Is cuid lárnach de luachanna daonlathacha an Aontais iad grinnscrúdú poiblí agus rochtain ar an gceartas agus is uirlisí chun an smacht reachta a choimirciú iad.

(18) Chun go bhféadfar gníomhaíocht mhear agus éifeachtach a dhéanamh, i gcás ina suífidh an Coimisiún nach bhfuil dóthain dul chun cinn á dhéanamh ag Ballstát i dtreo a sprice do 2030, agus an chonair, an buiséad le haghaidh 2026 go 2029 agus na solúbthachtaí faoin Rialachán seo á gcur san áireamh, ba cheart feidhm a bheith ag sásra um ghníomhaíocht cheartaitheach chun cabhrú leis an mBallstát filleadh ar an gconair i dtreo 2030, trína áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí breise, as a dtiocfaidh glanaistrithe méadaithe gás ceaptha teasa.

(19) Cuirfear feabhas ar fhardail gás ceaptha teasa trí úsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíocht monatóireachta agus trí eolas níos fearr. Maidir leis na Ballstáit a chuireann feabhas ar a modheolaíocht um ríomh na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe, ba cheart coincheap an choigeartaithe modheolaíochta a thabhairt isteach. D'fhéadfadh na saincheisteanna seo a leanas, mar shampla, coigeartú modheolaíochta a spreagadh: athruithe ar mhodheolaíochtaí tuairiscithe, sonraí nua nó ceartuithe ar earráidí staidrimh, taiscumair nua charbóin nó gháis a áireamh, meastacháin stairiúla a athríomh bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa, eilimintí nua tuairiscithe a chur san áireamh agus faireachán feabhsaithe ar shuaití nádúrtha. Ba cheart coigeartú modheolaíochta a chur i bhfeidhm i dtaca le sonraí maidir le fardail astaíochtaí gás ceaptha teasa an Bhallstáit sin chun éifeacht na n-athruithe sa mhodheolaíocht ar an measúnú ar bhaint amach comhchoiteann sprioc an Aontais do 2030 a neodrú, d'fhonn urraim a léiriú don tsláine comhshaoil.

(20) San Eoraip, úsáidtear Fardail Náisiúnta Foraoise chun faisnéis a sholáthar do mheasúnuithe ar sheirbhísí éiceachórais foraoise. Tá an córas faireacháin fardail foraoise éagsúil ó thír go tír, toisc go bhfuil a córas fardail foraoise féin ag gach tír lena mhodheolaíocht féin. Leagadh béim i Straitéis Foraoise Nua an Aontais do 2030 ar an ngá atá le pleanáil straitéiseach foraoise i ngach Ballstát, bunaithe ar fhaireachán agus sonraí iontaofa, rialachas trédhearcach agus malartú comhordaithe ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige togra reachtach a thíolacadh chun creat comhtháite uile-Aontais a bhunú maidir le faireachán a dhéanamh ar fhoraoisí.

(21) Chun eilimintí neamhriachtanacha de Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999 a leasú agus a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le Rialachán (AE) 2018/841 a fhorlíonadh chun na rialacha a leagan síos maidir le hoibríochtaí a thaifeadadh agus a dhéanamh go cruinn i gClárlann an Aontais arna bunú de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i dtaca le Cuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 a leasú tríd an liosta catagóirí a nuashonrú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([15]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(22) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal *Stepping up Europe's 2030 climate ambition* [Uaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a ghéarú], leagadh amach conairí agus roghanna beartais éagsúla d'fhonn sprioc aeráide mhéadaithe 2030 an Aontais a bhaint amach. Cuireadh i bhfios go láidir inti go mbeidh gá le gníomhaíocht an Aontais i ngach earnáil den gheilleagar má táthar chun an neodracht aeráide a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag linnte carbóin san aistriú chuig aeráidneodracht san Aontas, agus, go háirithe, is féidir le hearnáil na talmhaíochta, earnáil na foraoiseachta agus earnáil na húsáide talún rannchuidiú go mór sa chomhthéacs sin. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmiú Rialachán (AE) 2018/841 mar chuid den athbhreithniú a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo, agus ina n-ullmhaíonn sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ba cheart dó na treochtaí reatha agus réamh-mheastacháin amach anseo ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht, ar thaobh amháin, agus ar astaíochtaí agus aistrithe gás

([14]) IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.
([15]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

ceaptha teasa ó thalamh curaíochta, ó fhéarthalamh agus ó bhogaigh, ar an taobh eile, a chur san áireamh, agus féachaint ar roghanna rialála chun a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach leis an gcuspóir laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i ngach earnáil den gheilleagar i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus leis na spriocanna aeráide idirmheánacha. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar éifeachtaí an struchtúir aoise foraoise, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil baint ag na héifeachtaí sin le himthosca sonracha cogaidh nó iarchogaidh, ar bhealach atá láidir ó thaobh na heolaíochta de, iontaofa agus trédhearcach, agus d'fhonn athléimneacht fhadtéarmach agus acmhainneacht oiriúnaitheach foraoisí a áirithiú.

Agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá sé go rannchuideodh gach earnáil go cothrom agus ar an bhfíoras, chun an t-aistriú chuig an aeráidneodracht a bhaint amach, go bhfuil gá le hathruithe ar fud an speictrim beartais ar fad agus le hiarracht chomhchoiteann ó gach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí, mar a thugtar chun solais sa Chomhaontú Glas don Eoraip, ba cheart don Choimisiún tograí reachtacha a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, lena leagfar síos creat iar-2030.

(23) Is féidir athruithe suntasacha a bheith i gceist leis na hathruithe antrapaigineacha a bhfuiltear ag dréim leo maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe gás ceaptha teasa i dtimpeallachtaí muirí agus fionnuisce, agus meastar go mbeidh siad éagsúil amach anseo mar thoradh ar athruithe ar úsáid, mar shampla, tríd an méadú atá beartaithe ar fhuinneamh amach ón gcósta, méadú a d'fhéadfadh teacht ar tháirgeadh dobharshaothraithe agus leibhéil na cosanta dúlra atá ag dul i méid, ar leibhéil is gá chun spriocanna straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 a bhaint amach. Is amhlaidh faoi láthair nach n-áirítear na hastaíochtaí agus na haistrithe sin leis na táblaí tuairiscithe caighdeánacha chuig UNFCCC. I ndiaidh ghlacadh na modheolaíochta tuairiscithe, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann breithniú a dhéanamh ar tuairisciú ar dhul chun cinn, féidearthacht na hanailíse agus an tionchar a bheidh leis an tuairisciú a leathnú chun timpeallachtaí mara agus fionnuisce a chumhdach, bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is déanaí i leith na bhfloscaí sin, agus an t-athbhreithniú á dhéanamh a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo.

(24) Chun sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 agus chun díriú ar astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, tá sé ríthábhachtach go dtiocfaidh méadú leanúnach ar aistrithe gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, agus a mbuaine á coimeád ag an am céanna. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh gá a bheith le réitigh theicniúla, amhail bithfhuinneamh lena ngabhann gabháil agus stóráil carbóin ("BECCS"), chomh maith le réitigh dhúlrabhunaithe chun astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil. Go háirithe, ní mór feirmeoirí aonair, úinéirí talún agus foraoisí nó bainisteoirí foraoisí a spreagadh le níos mó carbóin a stóráil ar a dtalamh agus ina bhforaoisí, agus tús áite á thabhairt acu do chuir chuige atá bunaithe ar éiceachórais agus atá fabhrach don bhithéagsúlacht agus cleachtais atá gar don dúlra, limistéir atá curtha i leataobh, athchóiriú stoc carbóin foraoisí, leathnú an chumhdaigh agrafhoraoiseachta, ceapadh carbóin ithreach agus athchóiriú bogach, mar aon le réitigh nuálacha eile. A bhuí leis na dreasachtaí sin, déantar feabhas a chur ar an maolú aeráide agus ar an laghdú foriomlán ar astaíochtaí ó earnáil go chéile sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear trí leas a bhaint as táirgí marthanacha adhmaid lománaithe, agus lánurraim á léiriú do phrionsabail éiceolaíocha lena gcothaítear an bhithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach. Ba cheart go bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar phróiseas a bhunú chun táirgí stórála carbóin inbhuanaithe a chur san áireamh faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/841 laistigh den athbhreithniú a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo, lena bhforáiltear do chomhsheasmhacht le cuspóirí comhshaoil eile de chuid an Aontais, chomh maith le Treoirlínte IPCC.

(25) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé tacaíocht airgeadais a thabhairt d'úinéirí talún agus d'úinéirí nó bainisteoirí foraoise chun na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán leasaitheach seo a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar na dréacht-nuashonruithe ar na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide is déanaí ar tugadh fógra fúthu faoi Rialachán (AE) 2018/1999, a áirithiú, maidir leis an tacaíocht airgeadais, lena n-áirítear an sciar ábhartha d'ioncam a ghintear ó lamháltais EU ETS a dhíol ar ceant faoi Threoir 2003/87/CE agus a úsáidtear le haghaidh LULUCF, go ndíreofar í ar bheartais agus ar bhearta atá saincheaptha chun buiséid agus spriocanna na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán leasaitheach seo a bhaint amach. Agus a mheasúnú á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar chineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur chun cinn agus ar an ngá atá le buaine aistrithe breise gás ceaptha teasa a áirithiú, agus an reachtaíocht atá ann cheana á cur san áireamh.

(26) Tá socrú sprioc 2030 an Aontais leagtha amach de réir sonraí fardail arna dtuairisciú ag na Ballstáit do na blianta 2016, 2017 agus 2018. Tá tábhacht mhór ag baint le stóinseacht na dtuarascálacha fardail a chuirtear isteach. Dá bhrí sin, ba cheart na modheolaíochtaí a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm a fhíorú i gcás ina bhfuil laghdú suntasach tagtha ar na glan-aistrithe do na blianta 2016, 2017 agus 2018. I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus chun muinín a fheabhsú sa dul chun cinn a dhéanfar sa tuairisciú, ba cheart torthaí na bhfíoruithe sin a chur ar fáil go poiblí. Bunaithe ar na fíoruithe sin, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ar an mbóthar ceart chun a sprioc ghlan-aistrithe 310 Mt a bhaint amach.

(27) D'fhonn conair na mBallstát don tréimhse ó 2026 go 2029 a leagan amach, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh chun na sonraí fardail gás ceaptha teasa a fhíorú i leith na mblianta 2021, 2022 agus 2023. Chun na críche sin, ba cheart athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh in 2025, i dteannta leis na hathbhreithnithe cuimsitheacha a dhéanfaidh an Coimisiún in 2027 agus 2032 i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1999.

(28) Ba cheart luachanna gach Ballstáit do chumhdach mhullaí na gcrann in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 a ailíniú leis na luachanna arna tuairisciú do UNFCCC nó le haon nuashonruithe a bheidh le déanamh ar na luachanna sin.

(29) De bharr tabhairt isteach spriocanna atá bunaithe ar thuairisciú mar thoradh ar an Rialachán leasaitheach seo, ní mór leibhéal cruinne níos airde a bheith leis an meastachán a dhéanfar ar na hastaíochtaí agus na haistrithe gás ceaptha teasa. Thairis sin, maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], Straitéis Nua Foraoiseachta an Aontais do 2030, Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh do 2030, teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) agus teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 dar teideal *Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá Seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide], éileofar leo sin ar fad faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar thalamh, rud a chuideoidh le hathléimneacht na n-aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar an bhfaireachán agus an tuairisciú a dhéantar ar astaíochtaí agus aistrithe, trí úsáid a bhaint, i gcás inarb infheidhme, as ardteicneolaíochtaí a bheidh ar fáil faoi chláir de chuid an Aontais, cláir amhail Copernicus, agus sonraí digiteacha a bhailítear faoin gComhbheartas Talmhaíochta, agus aistriú déach na nuálaíochta glaise agus digití á chur chun feidhme.

(30) Ba cheart forálacha mapála agus faireacháin, san fhaireachán allamuigh agus cianfhaireachán araon, a thabhairt isteach chun a chur ar chumas na mBallstát faisnéis atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de a bheith acu chun réimsí tosaíochta a shainaithint a d'fhéadfadh rannchuidiú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide. Mar chuid d'fheabhas ginearálta ar fhaireachán, ar thuairisciú agus ar fhíorú, ba cheart an obair a bheith dírithe freisin ar bhunachair sonraí gníomhaíochtaí agus fachtóirí astaíochtaí a chomhchuibhiú agus a bheachtú chun fardail gás ceaptha teasa a fheabhsú.

(31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe coigeartú a dhéanamh, i bhfianaise Rialachán (AE) 2021/1119, ar ghealltanais na mBallstát maidir leis an earnáil LULUCF a rannchuidíonn le spriocanna Chomhaontú Pháras agus sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach don tréimhse ó 2021 go 2030, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(32) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) gealltanais na mBallstát d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ('LULUCF') a rannchuidíonn le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus le sprioc an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach don tréimhse ó 2021 go 2025;

([16]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(b) cuntasaíocht ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ón earnáil LULUCF agus comhlíonadh na mBallstát leis na gealltanais dá dtagraítear i bpointe (a) don tréimhse idir 2021 agus 2025 a sheiceáil;

(c) sprioc de chuid an Aontais do 2030 maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa san earnáil LULUCF;

(d) spriocanna maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa san earnáil LULUCF le haghaidh na mBallstát don tréimhse idir 2026 agus 2030.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

**Raon Feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, arna dtuairisciú de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát sa tréimhse idir 2021 agus 2025 in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún seo a leanas:

(a) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile, a tiontaíodh go talamh foraoise ('talamh foraoisithe');

(b) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a tiontaíodh go talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile ('talamh dífhoraoisithe');

(c) úsáid talún a thuairiscítear mar aon cheann díobh seo a leanas ('talamh curaíochta bainistithe'):

(i) talamh curaíochta a fhanann mar thalamh curaíochta;

(ii) féarthalamh, bogach, lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go talamh curaíochta;

(iii) talamh curaíochta a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

(d) úsáid talún a thuairiscítear mar aon cheann díobh seo a leanas ('féarthalamh bainistithe'):

(i) féarthalamh a fhanann mar fhéarthalamh;

(ii) talamh curaíochta, bogach, lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go féarthalamh;

(iii) féarthalamh a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

(e) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise "'talamh foraoise bainistithe');

(f) i gcás inar thug Ballstát fógra don Choimisiún faoina rún chun bogach bainistithe a áireamh le raon feidhme a ghealltanas de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2020, úsáid talún a thuairiscítear mar cheann amháin díobh seo a leanas ('bogach bainistithe'):

— bogach a fhanann mar bhogach;

— lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go bogach;

— bogach a tiontaíodh go lonnaíocht nó talamh eile.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát sa tréimhse idir 2026 agus 2030 in aon cheann de na catagóirí tuairiscithe talún nó earnálacha seo a leanas:

(a) talamh foraoise;

(b) talamh curaíochta;

(c) féarthalamh;

(d) bogaigh;

(e) lonnaíochtaí;

(f) talamh eile;

(g) táirgí adhmaid lománaithe;

(h) eile;

(i) ionchur atmaisféarach;

(j) láisteadh nítrigine agus leachtú nítrigine.

(*) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).";

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (9):

"(9) ciallaíonn 'suaitheadh nádúrtha' aon teagmhas neamh-antrapaigineach nó aon imthosca neamh-antrapaigineacha lena gcruthaítear astaíochtaí móra san earnáil LULUCF, nach bhfuil smacht ag an mBallstát ábhartha air, agus nach bhfuil sé ar chumas an Bhallstáit go hoibiachtúil a éifeachtaí ar astaíochtaí a theorannú go suntasach, fiú tar éis dó tarlú;";

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(11) ciallaíonn 'athrú aeráide' athrú ar an aeráid arb í gníomhaíocht an duine, go díreach nó go hindíreach, is cúis leis lena n-athraítear comhdhéanamh atmaisféar an domhain agus atá sa bhreis ar athraitheacht aeráide nádúrtha a fheictear thar thréimhsí ama inchomparáide.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

**Gealltanais agus spriocanna**

1. Don tréimhse ó 2021 go 2025, agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 12, 13 agus 13a á gcur san áireamh, áiritheoidh gach Ballstát nach mó na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ná na haistrithe gás ceaptha teasa, arna ríomh mar shuim na n-astaíochtaí iomlána agus na n-aistrithe iomlána ar a chríoch sna catagóirí cuntasaíochta talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(1).

2. Is é a bheidh i sprioc 2030 an Aontais maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ mar shuim de luachanna na nglanastaíochtaí agus na nglanaistrithe gás ceaptha teasa ag Ballstáit in 2030 a leagtar amach i gcolún D d'Iarscríbhinn IIa, agus beidh sí bunaithe ar an meán dá sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018, mar a tíolacadh in 2020.

3. Áiritheoidh gach Ballstát, agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 13b á gcur san áireamh, nach mó suim a astaíochtaí agus a aistrithe gás ceaptha teasa ar a chríoch agus i ngach ceann de na catagóirí tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), arna dtuairisciú don bhliain 2030 ina fhardal gás ceaptha teasa arna thíolacadh in 2032, i gcomparáid le meán a shonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 mar a tíolacadh in 2032, ná an sprioc atá leagtha amach don Bhallstát sin i gcolún C d'Iarscríbhinn IIa.

4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná an buiséad le haghaidh 2026 go 2029 suim na ndifríochtaí idir na nithe seo a leanas do gach bliain sa tréimhse ó 2026 go 2029:

(a) a astaíochtaí agus a aistrithe gás ceaptha teasa ar a chríoch agus i ngach ceann de na catagóirí tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j); agus

(b) an meánluach dá shonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, mar a tíolacadh in 2032.

Sainmhíneofar an buiséad do 2026 go 2029 mar shuim na ndifríochtaí do gach bliain sa tréimhse ó 2026 go 2029 don Bhallstát sin idir na nithe seo a leanas:

(a) teorainnluachanna bliantúla na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa do na blianta sin, arna mbunú ar bhonn conair líneach i dtreo 2030; agus

(b) an meánluach dá shonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, mar a tíolacadh in 2025.

Is ar an meánluach do na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023 a thosóidh conair líneach Bhallstáit in 2022, agus is é an críochphointe a bheidh aici do 2030 an luach a gheofar tríd an luach a leagtar amach don Bhallstát sin i gcolún C d'Iarscríbhinn IIa a chur leis an meánluach do na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018.

Déanfar buiséad 2026 go 2029 a shainiú ar bhonn na sonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2025 agus déanfar comhlíonadh an bhuiséid sin a mheasúnú ar bhonn na sonraí fardail gás ceaptha teasa a thíolacfar in 2032.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach na teorainnluachanna bliantúla bunaithe ar an gconair líneach i leith glanaistrithe gás ceaptha teasa do gach Ballstát, do gach bliain sa tréimhse idir 2026 agus 2029 i dtéarmaí tonaí de choibhéis $CO_2$. Beidh na conairí náisiúnta sin bunaithe ar mheán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, arna dtuairisciú ag gach Ballstát.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a den Rialachán seo. Chun críche na ngníomhartha cur chun feidhme sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is déanaí ó na fardail náisiúnta arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999.

6. Agus beartais á nglacadh acu chun a ngealltanais, a spriocanna agus a mbuiséid dá dtagraítear san Airteagal seo a chomhlíonadh, breithneoidh na Ballstáit an gá atá le haistriú cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách. Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint chun tacú leis na Ballstáit ina leith sin.";

(5) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ullmhóidh agus coinneoidh gach Ballstát cuntas a léiríonn go cruinn na hastaíochtaí agus na haistrithe a bhíonn ann mar thoradh ar na catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid cuntas agus a gcuid sonraí eile a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo cruinn, iomlán, comhsheasmhach, inrochtana go poiblí, inchomparáide agus trédhearcach. Úsáidfidh na Ballstáit comhartha dearfach (+) le seasamh d'astaíochtaí agus comhartha diúltach (-) le seasamh d'aistrithe.";

(6) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

"1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe arna ríomh mar na hastaíochtaí iomlána agus na haistrithe iomlána le haghaidh gach ceann de na blianta sa tréimhse ó 2021 go 2025.

2. De mhaolú ar Airteagal 5(3), agus tráth nach déanaí ná 2025, i gcás ina ndearnadh úsáid talún a thiontú ó thalamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí nó talamh eile go talamh foraoise, féadfaidh Ballstát, 30 bliain tar éis dháta an tiontaithe sin, catagóiriú talún den sórt sin a athrú ó thalamh a tiontaíodh ina talamh foraoise go dtí talamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise, má tá údar cuí leis an athrú sin ar bhonn Threoirlínte IPCC.";

(7) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

"1. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

2. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

3. Le linn na tréimhse ó 2021 go 2025, déanfaidh gach Ballstát a chuireann bogach bainistithe san áireamh i raon feidhme a ghealltanas cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe, arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse sin lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.";

(8) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe, arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit lena mbaineann a iolrú faoi chúig.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, ina mbeidh an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe, a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2018 don tréimhse ó 2021 go dtí 2025. Sa phlean cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, beidh gach ceann de na míreanna a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn IV agus cuirfear ar fáil don phobal é, lena n-áirítear tríd an idirlíon.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 go 10:

"7. I gcás inar gá, bunaithe ar na measúnuithe teicniúla arna ndéanamh de bhun mhír 6, an chéad fhomhír, agus, i gcás inarb infheidhme, ar na moltaí teicniúla arna n-eisiúint de bhun mhír 6, an dara fomhír, cuirfidh na Ballstáit a leibhéil tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019 don tréimhse ó 2021 go dtí 2025. Déanfaidh an Coimisiún na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a chuirfidh na Ballstáit in iúl dó a fhoilsiú.

8. Bunaithe ar na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe arna dtíolacadh ag Ballstáit, ar an measúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 6 den Airteagal seo agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe arna thíolacadh faoi mhír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinn IV d'fhonn na leibhéil tagartha foraoise atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit don tréimhse ó 2021 go 2025 a leagan síos.

9. Mura gcuireann Ballstát a leibhéal tagartha foraoise faoi bhráid an Choimisiúin faoi na dátaí a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo agus, i gcás inarb infheidhme, i mír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinn IV d'fhonn an leibhéal tagartha foraoise a chuirfidh an Ballstát sin i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025 a leagan síos, bunaithe ar aon mheasúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 6 den Airteagal seo.

10. Glacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 8 agus 9 faoin 31 Deireadh Fómhair 2020 don tréimhse ó 2021 go 2025.";

(9) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ag deireadh na tréimhse ó 2021 go 2025, féadfaidh na Ballstáit astaíochtaí gás ceaptha teasa, a eascraíonn as suaití nádúrtha, ar mó iad ná na meán-astaíochtaí arna gcruthú ag suaití nádúrtha sa tréimhse ó 2001 go 2020, cé is moite de na hasluitigh staidrimh ('leibhéal cúlra'), a eisiamh óna gcuid cuntas le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe. Ríomhfar an leibhéal cúlra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.";

(b) i mír 2, pointe (b), cuirtear "2025" in ionad na bliana "2030";

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 13:

"*Airteagal 11*

**Solúbthachtaí agus rialachas**

1. Féadfaidh Ballstát leas a bhaint as:

(a) na solúbthachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12; agus

(b) chun an gealltanas, an sprioc agus an buiséad a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4 a chomhlíonadh, na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 13 agus in Airteagal 13b.

Féadfaidh an Fhionlainn, sa bhreis ar na solúbthachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cúiteamh breise a úsáid de bhun Airteagal 13a.

2. Mura bhfuil na ceanglais maidir le faireachán a leagtar síos in Airteagal (26) de Rialachán (AE) 2018/1999 á gcomhlíonadh ag Ballstát, cuirfidh an Riarthóir Lárnach arna animniú faoi Airteagal 20 de Threoir 2003/87/CE ('an Riarthóir Lárnach') toirmeasc sealadach ar an mBallstát sin aistriú a dhéanamh de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán seo nó leas a bhaint as an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe de bhun Airteagal 13 den Rialachán seo. Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil bhreise a thabhairt don Bhallstát sin freisin.

*Airteagal 12*

**Solúbthachtaí ginearálta**

1. Sa tréimhse ó 2021 go 2025, i gcás inar mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát, nó, sa tréimhse ó 2026 go 2030, inar dearfach an difríocht idir suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa ar chríoch Ballstáit agus an gealltanas, an sprioc nó an buiséad a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo, agus inar roghnaigh an Ballstát sin a sholúbthacht a úsáid, agus inar iarr sé na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí faoi Rialachán (AE) 2018/842 a scriosadh, cuirfear san áireamh cainníocht na leithdháiltí astaíochtaí arna scriosadh, i ndáil le comhlíonadh an Bhallstáit lena ghealltanas, a sprioc nó a bhuiséad, faoi seach, a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo.

2. Sa tréimhse ó 2021 go 2025, sa mhéid gur mó na haistrithe iomlána ná na hastaíochtaí iomlána i mBallstát, nó, sa tréimhse ó 2026 go 2030, gur diúltach an difríocht idir suim na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na n-aistrithe ar chríoch Ballstáit agus an gealltanas, an sprioc nó an buiséad a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo, agus tar éis aon chainníocht arna cur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842 a dhealú, féadfaidh an Ballstát sin an chainníocht aistrithe atá fágtha a aistriú chuig Ballstát eile. Cuirfear an chainníocht arna haistriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an Bhallstáit is faighteoir lena ghealltanas, a sprioc nó a bhuiséad, faoi seach, a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo.

3. Chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint, déanfar cainníocht na nglanaistrithe arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842 a dhealú ón gcainníocht atá ar fáil ag an mBallstát sin le haistriú chuig Ballstát eile de bhun mhír 2 den Airteagal seo.

4. Ba cheart do na Ballstáit ioncam, nó a choibhéis i luach airgeadais, a ghintear as aistrithe de bhun mhír 2 a úsáid chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas nó i dtríú tíortha. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun na míre seo, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí i bhfoirm atá inrochtana go héasca.

5. I dtaca le haon aistriú a dhéanfar de bhun mhír 2, féadfaidh sé leanúint as tionscadal nó clár a bhaineann le gáis cheaptha teasa a mhaolú nó clár arna dhéanamh sa Bhallstát díolacháin agus a gheobhaidh luach saothair ón mBallstát is faighteoir, ar choinníoll go ndéanfar áireamh dúbailte a sheachaint agus inrianaitheacht a áirithiú.

*Airteagal 13*

***Solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe***

1. Sa tréimhse ó 2021 go 2025, i gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1), a dtugtar cuntas orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an tsolúbthacht a leagtar amach san Airteagal seo maidir le talamh foraoise bainistithe chun Airteagal 4(1) a chomhlíonadh.

2. Sa tréimhse ó 2021 go 2025, i gcás gur figiúr dearfach a bheidh i dtoradh an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 8(1) , beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn do thoradh na ríomha sin a chúiteamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) d'áirigh an Ballstát sa straitéis a thíolaic sé i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise, chomh maith le faisnéis maidir le tionchar na mbeart sin ar chuspóirí comhshaoil ábhartha, lena n-áirítear, *inter alia*, cosaint na bithéagsúlachta agus oiriúnú do shuaitheadh nádúrtha; agus

(b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe iomlána sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo don tréimhse ó 2021 go 2025.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé ar mó nó nach mó iomlán na n-astaíochtaí ná iomlán na n-aistrithe laistigh den Aontas, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo, áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) nó Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

3. D'fhéadfadh sé nach gcumhdófar leis an gcúiteamh dá dtagraítear i mír 2 ach linnte ar a dtugtar cuntas mar astaíochtaí in aghaidh leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit sin, agus ní bheidh an cúiteamh sin, don tréimhse ó 2021 go 2025, níos mó ná 50 % den uasmhéid cúitimh don Bhallstát lena mbaineann a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

4. Cuirfidh na Ballstáit fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaití nádúrtha arna ríomh de bhun Iarscríbhinn VI agus na bearta atá sé beartaithe acu a ghlacadh chun éifeachtaí comhchosúla a chosc nó a mhaolú amach anseo chun go mbeidh siad incháilithe chun cúiteamh a fháil ar fhuílleach na linnte a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí in aghaidh leibhéal tagartha foraoise, suas leis an méid nár úsáid Ballstáit eile den mhéid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2021 go 2025, a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. I gcás inar mó an t-éileamh ar chúiteamh ná an méid cúitimh neamhúsáidte atá ar fáil, déanfar an cúiteamh neamhúsáidte sin a dháileadh ar bhonn pro rata i measc na mBallstát lena mbaineann. Déanfaidh an Coimisiún an fhianaise arna cur isteach ag na Ballstáit a chur ar fáil go poiblí.";

(11) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

"*Airteagal 13a*

**Cúiteamh breise**

1. Is féidir leis an bhFionlainn cúiteamh a thabhairt suas le 5 mhilliún tona breise de choibhéis $CO_2$ d'astaíochtaí ar a dtugtar cuntas faoi na catagóirí cuntasaíochta talún den talamh foraoise bainistithe, talamh dífhoraoisithe, talamh curaíochta agus féarthalamh bainistithe, sa tréimhse idir 2021 agus 2025, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) d'áirigh an Fhionlainn ina straitéis a thíolaic sí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999 bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise;

(b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe iomlána sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo sa tréimhse ó 2021 go 2025.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé ar mó nó nach mó iomlán na n-astaíochtaí ná iomlán na n-aistrithe laistigh den Aontas, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo, áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 agus 13 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) nó 9(2) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

2. Beidh an cúiteamh breise teoranta don mhéid seo a leanas:

(a) an méid is mó ná an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise atá ar fáil don Fhionlainn sa tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 13;

(b) na hastaíochtaí arna gcruthú ag athrú stairiúil ó thalamh foraoise chuig aon chatagóir eile úsáide talún a tharla tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017;

(c) an méid is gá chun Airteagal 4 a chomhlíonadh.

3. Ní bheidh an cúiteamh breise faoi réir aistriú de bhun Airteagal 12 den Rialachán seo nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842.

4. Aon chúiteamh breise neamhúsáidte as an 5 mhilliún tona de choibhéis $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1, déanfar é a chealú.

5. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach na hoibríochtaí is gá chun críocha mhír 2, pointe (a), agus míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo i gClárlann an Aontais arna bunú de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1999 ('Clárlann an Aontais').

*Airteagal 13b*

**Sásra um úsáid talún don tréimhse 2026 go 2030**

1. Déanfar sásra um úsáid talún a chomhfhreagraíonn do chainníocht dar luach suas le 178 mhilliún tona de choibhéis $CO_2$ a bhunú i gClárlann an Aontais, faoi réir chomhlíonadh na sprice sin de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal (4)2. Beidh an sásra um úsáid talún ar fáil chomh maith leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 12.

2. Tar éis do Bhallstát a sheacht ndícheall a dhéanamh aon tuairim ón gCoimisiún a cuireadh faoina bhráid faoi Airteagal 13d a chur san áireamh, i gcás inar dearfach an difríocht idir suim bhliantúil na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa ar chríoch Ballstáit sa tréimhse ó 2026 go dtí 2030, agus sna catagóirí tuairiscithe talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), agus gur dearfach í an sprioc a dtabharfar cuntas agus tuairisciú ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar sprioc í a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó leis an mbuiséad a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4), féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an sásra a leagtar amach san Airteagal seo chun a sprioc a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó a bhuiséad a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(4) a chomhlíonadh.

3. I gcás inar figiúr dearfach a bheidh i dtoradh ceann amháin nó an dá cheann de na ríomhanna dá dtagraítear i mír 2 sa tréimhse ó 2026 go 2030, beidh an Ballstát i dteideal úsáid a bhaint as an sásra a leagtar amach san Airteagal seo chun glanastaíochtaí nó glan-aistrithe, nó an dá rud, a chúiteamh, a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí in aghaidh na sprice a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó in aghaidh an bhuiséid a shocraítear don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4), nó i gcoinne an dá rud, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) maidir leis an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe arna chur isteach aige de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, tá bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte curtha san áireamh ag an mBallstát ann chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte talún agus na taiscumair talún agus go maolófar leochaileacht na talún ar shuaití nádúrtha;

(b) tá an tsolúbthacht atá ar fáil de bhun Airteagal 12(1) den Rialachán seo ídithe ag an mBallstát;

(c) an difríocht san Aontas idir suim bhliantúil na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa uile ar a chríoch agus sna catagóirí tuairiscithe talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), agus sprioc an Aontais 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ de ghlan-aistrithe, gur difríocht dhiúltach a bheidh inti in 2030.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé ar comhlíonadh an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), den mhír seo, laistigh den Aontas, áireoidh an Coimisiún suas le 30 %, ach gan bheith níos mó ná 20 Mt de choibhéis $CO_2$, den bharrachas neamhúsáidte de ghealltanais na mBallstát faoi Airteagal 4(1) ón tréimhse ó 2021 go 2025, ar choinníoll go gcuirfidh Ballstát amháin nó níos mó fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaite nádúrtha i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo. Áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

4. Ní fhéadfaidh an méid cúitimh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal a bheith níos mó, don tréimhse ó 2026 go 2030, ná 50 % den uasmhéid cúitimh don Bhallstát lena mbaineann a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

5. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaití nádúrtha arna ríomh de bhun Iarscríbhinn VI, chun go mbeidh siad incháilithe do chúiteamh ar ghlanastaíochtaí nó ar ghlanaistrithe, nó an dá rud, a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí in aghaidh na spriocanna a shocraítear do na Ballstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3), nó in aghaidh an bhuiséid a shocraítear do na Ballstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4), suas leis an méid nár úsáid Ballstáit eile den mhéid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2026 go 2030, a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. I gcás inar mó an t-éileamh ar chúiteamh ná an méid cúitimh neamhúsáidte atá ar fáil, déanfar an cúiteamh neamhúsáidte sin a dháileadh ar bhonn pro rata i measc na mBallstát lena mbaineann.

6. Beidh na Ballstáit i dteideal glanastaíochtaí nó glanaistrithe, nó an dá rud, a chúiteamh, a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí in aghaidh na spriocanna a shocraítear do na Ballstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó in aghaidh an bhuiséid a shocraítear do na Ballstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4), suas leis an méid nár úsáid Ballstáit eile den mhéid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2021 go 2023, a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, tar éis Airteagal 13(4) agus mír 5 den Airteagal seo a chur san áireamh, ar choinníoll go ndearna na Ballstáit sin an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na solúbthachtaí atá ar fáil de bhun Airteagal 12(1), agus mír 3 agus mír 5 den Airteagal seo ídithe ag na Ballstáit sin; agus

(b) gur cuireadh fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le ceachtar de na nithe seo a leanas:

(i) tionchar fadtéarmach an athraithe aeráide a mbíonn astaíochtaí iomarcacha mar thoradh air, sin nó laghdú ar linnte nach bhfuil neart acu orthu; nó

(ii) na héifeachtaí atá ag cion fíor-ard ithreacha orgánacha ina limistéar talún bainistithe, i gcomparáid le meán an Aontais, a bhfuil astaíochtaí iomarcacha mar thoradh orthu, ar choinníoll go bhfuil na héifeachtaí sin inchurtha i leith cleachtais bainistithe talún a tharla roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 529/2013/AE;

(c) go bhfuil san áireamh ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide is déanaí, arna dtíolacadh de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, bearta sonracha chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte talún agus na taiscumair talún agus go maolófar leochaileacht na talún ar shuaití nádúrtha arna spreagadh ag an athrú aeráide.

7. Ní bheidh méid an chúitimh dá dtagraítear i mír 6 níos mó ná 50 milliún tona de choibhéis $CO_2$ don Aontas ina iomláine. I gcás inar mó an t-éileamh ar chúiteamh ná an méid cúitimh atá ar fáil, déanfar an cúiteamh sin a dháileadh ar bhonn *pro rata* i measc na mBallstát lena mbaineann.

8. San fhianaise dá dtagraítear i mír 6, pointe (b)(i), áireofar measúnú cainníochtúil ar na héifeachtaí ar ghlanastaíochtaí nó glanaistrithe, i dtéarmaí milliún tona de choibhéis $CO_2$ don limistéar lena mbaineann, agus is ar innéacsanna cainníochtúla, inchomparáide agus iontaofa, ar shonraí atá sainráite go geografach agus ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil a bheidh sí bunaithe. Beidh na hinnéacsanna agus na sonraí sin agus an fhianaise sin bunaithe ar athruithe breathnaithe lena gcumhdaítear an tréimhse 2001 go 2025, ar a laghad, agus ar réamh-mheastacháin agus breathnuithe a ndearnadh athbhreithniú eolaíochta orthu don tréimhse 2026 go 2030. Léireoidh na hinnéacsanna agus na sonraí sin agus an fhianaise sin athruithe cúlra meántéarmacha nó fadtéarmacha ar shaintréithe aeráide atá ábhartha don earnáil LULUCF, amhail tuire, meánteochtaí, meánfhrasaíocht, laethanta seaca, agus fad na dtriomach taise meitéareolaíoch nó ithreach.

9. San fhianaise dá dtagraítear i mír 6, pointe (b)(ii), áireofar bonn cirt lena gcuirtear in iúl gur mó an cion d'ithreacha orgánacha i limistéar talún bainistithe don Bhallstát lena mbaineann ná meánchion an Aontais don bhliain 2030. Áireofar san fhianaise anailís chainníochtúil, i milliún tona de choibhéis $CO_2$, ar na hastaíochtaí tuairiscithe mar thoradh ar éifeachtaí leagáide ar ithreacha orgánacha bainistithe, bunaithe ar bhreathnuithe athbhreithnithe don tréimhse 2026-2030, sonraí inchomparáide, iontaofa, sainráite ó thaobh na geografaíochta de agus ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil, go háirithe maidir le láithreáin chomhchosúla sa Bhallstát lena mbaineann. Beidh tuairisc ag gabháil leis an bhfianaise freisin ar na bearta atá á gcur chun feidhme faoi láthair lena n-íoslaghdaítear na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag éifeachtaí leagáide ar ithreacha orgánacha bainistithe.

10. Faoin 12 Bealtaine 2024, leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an struchtúr, an fhormáid, na sonraí teicniúla agus an próiseas chun an fhianaise dá dtagraítear i mír 6, pointe (b), den Airteagal seo a thíolacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.

11. Déanfaidh an Coimisiún an fhianaise arna tíolacadh ag na Ballstáit dá dtagraítear i mír 6, pointe (b), a chur ar fáil don phobal agus féadfaidh sé a iarraidh ar Bhallstát fianaise bhreise a thíolacadh más rud é, i ndiaidh dó seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fuarthas ón mBallstát sin, go measann sé nach bhfuil údar maith léi nó go bhfuil sí díréireach.

*Airteagal 13c*

**Rialachas**

Más rud é, mar thoradh ar an athbhreithniú cuimsitheach a rinneadh in 2032, go gcinneann an Coimisiún, agus na solúbthachtaí arna n-úsáid de bhun Airteagail 12 agus 13b á gcur san áireamh, nár comhlíonadh an buiséad le haghaidh 2026 go 2029 dá dtagraítear in Airteagal 4(4), cuirfear méid arb ionann é agus méid an fharasbairr glanastaíochtaí gás ceaptha teasa, i dtonaí de choibhéis $CO_2$, arna iolrú faoi fhachtóir 1,08, leis an bhfigiúr glanastaíochtaí gás ceaptha teasa arna thuairisciú ag an mBallstát in 2030, i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 15.

*Airteagal 13d*

**Gníomhaíocht cheartaitheach**

1. Má chinneann an Coimisiún, ina mheasúnú bliantúil faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1999, nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh ag Ballstát chun a sprioc a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Rialachán seo a bhaint amach, agus an chonair agus an buiséad a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán seo á gcur san áireamh, chomh maith leis na solúbthachtaí faoin Rialachán seo, déanfaidh an Ballstát sin, laistigh de 3 mhí, plean gníomhaíochta ceartaithí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) míniúchán mionsonraithe ar na cúiseanna nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh aige;

(b) measúnú ar an gcaoi ar thacaigh cistiú ón Aontas lena iarrachtaí chun a sprioc agus a bhuiséad a chomhlíonadh agus ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn aige an cistiú sin a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh;

(c) gníomhaíochtaí breise, lena gcomhlánaítear plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit sin de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 nó lena ndéanfar a chur chun feidhme a threisiú, a chuirfidh sé chun feidhme chun a sprioc a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó a bhuiséad a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(4) a chomhlíonadh trí bheartais agus bearta intíre agus trí ghníomhaíocht an Aontais a chur chun feidhme, lena ngabhfaidh measúnú mionsonraithe, a mbeidh sonraí cainníochtúla mar bhonn taca leis, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, ar na glanaistrithe gás ceaptha teasa atá beartaithe a thiocfadh as na gníomhaíochtaí sin;

(d) clár ama docht chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, lena mbeifear in ann an dul chun cinn bliantúil ina gcur chun feidhme a mheas.

I gcás inar bhunaigh Ballstát comhlacht comhairleach aeráide náisiúnta, féadfaidh sé comhairle a iarraidh ar an gcomhlacht sin chun na gníomhaíochtaí is gá dá dtagraítear i bpointe (c) a shainaithint.

2. I gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh don Choimisiún san obair a dhéanfaidh sé chun measúnú a dhéanamh ar aon phleananna gníomhaíochta ceartaithí den sórt sin.

3. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir le stóinseacht na bpleananna gníomhaíochta ceartaithí a thíolacfar i gcomhréir le mír 1, agus sa chás sin, déanfaidh sé sin laistigh de 4 mhí ón tráth a bhfaighidh sé na pleananna sin. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann lánaird ar an tuairim ón gCoimisiún agus féadfaidh sé a phlean gníomhaíochta ceartaithí a athbhreithniú dá réir. Mura dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann aghaidh ar an tuairim nó ar chuid shuntasach di, soláthróidh an Ballstát sin réasúnú don Choimisiún.

4. Déanfaidh gach Ballstát a phlean gníomhaíochta ceartaithí dá dtagraítear i mír 1 agus aon bhonn cirt dá dtagraítear i mír 3 a chur ar fáil go poiblí. An tuairim dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an Coimisiún í a chur ar fáil go poiblí.";

(12) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoin 15 Márta 2027 i gcás na tréimhse ó 2021 go 2025, agus faoin 15 Márta 2032 i gcás na tréimhse ó 2026 go 2030, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chomhlíonadh, bunaithe ar thacair sonraí bhliantúla, faoi bhráid an Choimisiúin, ina mbeidh iarmhéid na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe iomlána don tréimhse ábhartha ar gach ceann de na catagóirí cuntasaíochta talún a shonraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (f), don tréimhse ó 2021 go 2025 agus in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), don tréimhse ó 2026 go 2030, ag úsáid na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo.

Áireofar sa tuarascáil ar chomhlíonadh measúnú ar an méid seo a leanas:

(a) na beartais agus na bearta maidir le comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear ar a laghad le cuspóirí agus straitéisí comhshaoil eile de chuid an Aontais, amhail iad sin a leagtar síos san 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 agus i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú;

(b) an chaoi ar chuir na Ballstáit an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' san áireamh agus a mbeartais agus a mbearta á nglacadh acu chun a sprioc a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(3) nó a mbuiséad a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(4) a chomhlíonadh, a mhéid is ábhartha;

(c) na sineirgí idir maolú agus oiriúnú aeráide, lena n-áirítear beartais agus bearta chun leochaileacht na talún i leith suaití nádúrtha agus na haeráide a laghdú;

(d) sineirgí idir maolú aeráide agus bithéagsúlacht.

I gcás inarb iomchuí, beidh sa tuarascáil ar chomhlíonadh freisin, mionsonraí faoin rún atá ann na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus na méideanna gaolmhara a úsáid, nó faoi úsáid solúbthachtaí agus méideanna gaolmhara den sórt sin. Cuirfidh na Ballstáit na tuarascálacha ar chomhlíonadh ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999.

(*) Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).";

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"1a. Féadfaidh sonraí fardail maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa arna dtíolacadh ag gach Ballstát agus arna mbailíochtú de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1999 a bheith faoi réir coigeartú modheolaíochta ag an gCoimisiún i gcás ina ndearnadh athrú ar an modheolaíocht arna húsáid ag na Ballstáit. Mar sin féin, agus é mar chuspóir leo measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sprioc 2030 an Aontais, ní dhéanfaidh ceartuithe teicniúla den sórt sin difear do luach ghlanaistrithe 310 milliún tona $CO_2$ mar shuim na nglanaistrithe gás ceaptha teasa, in kt de choibhéis $CO_2$, in 2030 le haghaidh na mBallstát a leagtar amach i gcolún D d'Iarscríbhinn IIa ná do na spriocanna i gcolún C den Iarscríbhinn sin.

1b. Tabharfaidh na Ballstáit a léiríonn go bhfuil sé ar intinn acu an tsolúbthacht dá dtagraítear in Airteagal 13b(6) a úsáid tuairisc, i ranna tiomnaithe den tuarascáil, ar na bearta arna ndéanamh chun na héifeachtaí a luaitear in Airteagal 13b(6), pointe (b), a mhaolú nó a aisiompú, chomh maith leis na héifeachtaí a breathnaíodh agus a bhfuiltear ag dréim leo ó na bearta sin.

1c. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na tuarascálacha ar chomhlíonadh, a sholáthraítear faoi mhír 1 den Airteagal seo chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 4.

I gcomhthráth leis an athbhreithniú cuimsitheach sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaoi ar cuireadh an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' san áireamh faoi mhír 1, pointe (b). I ndáil leis sin, sula ndéanfaidh sé an chéad mheasúnú, eiseoidh an Coimisiún treoir maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' chun críoch an Rialacháin seo.";

(13) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na rialacha a leagan síos maidir le taifead a dhéanamh ar na hoibríochtaí seo a leanas i gClárlann an Aontais agus iad a dhéanamh go cruinn:

(a) taifead a dhéanamh ar chainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe le haghaidh gach catagóire cuntasaíochta agus tuairiscithe talún i ngach Ballstát;

(b) feidhmiú aon choigeartaithe modheolaíochta arna dhéanamh de bhun Airteagal 14(1a);

(c) feidhmiú na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagail 12, 13, 13a agus 13b; agus

(d) measúnú ar chomhlíonadh de bhun Airteagal 13c.";

(14) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 16a*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um Athrú Aeráide a bunaíodh le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

"*Airteagal 17*

**Athbhreithniú**

1. Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo, agus, *inter alia*, an méid seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) forbairtí idirnáisiúnta;

(b) na hiarrachtaí a dhéantar le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach; agus

(c) dlí an Aontais, lena n-áirítear maidir le hathbhunú an dúlra.

Ar bhonn thorthaí na tuarascála arna hullmhú de bhun Airteagal 14(3) agus thorthaí an mheasúnaithe arna dhéanamh de bhun Airteagal 13(2), pointe (b), nó ar bhonn an fhíoraithe arna dhéanamh de bhun Airteagal 37(4a) de Rialachán (AE) 2018/1999, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí a thíolacadh chun a áirithiú go n-urramófar sláine sprioc fhoriomlán 2030 an Aontais maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Rialachán seo agus rannchuidiú na sprice le spriocanna Chomhaontú Pháras.

2. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an chéad stocáirimh dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras. Beidh an tuarascáil bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil de réir mar a chuir na Ballstáit ar fáil iad faoi Rialachán (AE) 2018/1999 agus ar Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). I bhfianaise an mhéadaithe is gá ar laghduithe agus aistrithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas agus aistriú atá cóir go sóisialta a shaothrú, agus maidir leis an ngá atá le beartais agus bearta breise de chuid an Aontais, áireofar sa tuarascáil, i gcás inarb ábhartha, an méid seo a leanas:

(a) measúnú ar thionchair na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11;

(b) measúnú ar rannchuidiú an Rialacháin seo leis an gcuspóir aeráidneodrachta agus leis na spriocanna aeráide idirmheánacha arna leagan amach i Rialachán (AE) 2021/1119;

(c) measúnú ar rannchuidiú an Rialacháin seo le spriocanna Chomhaontú Pháras;

(d) measúnú ar thionchair shóisialta agus tionchair ar shaothar, lena n-áirítear ar chomhionannas inscne agus ar dhálaí oibre, sna Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon, atá ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo in aon cheann de na catagóirí talún agus earnálacha a chumhdaítear le hAirteagal 2;

(e) measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir leis na rialacha lena rialaítear Airteagal 6(2) agus Airteagal 6(4) de Chomhaontú Pháras agus, i gcás inarb ábhartha, tograí chun an Rialachán seo a leasú, go háirithe chun comhaireamh dúbailte a sheachaint agus coigeartuithe comhfhreagracha a chur i bhfeidhm;

(f) measúnú ar na treochtaí reatha agus ar na réamh-mheastacháin amach anseo maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamh curaíochta, féarthalamh agus bogaigh agus roghanna rialála chun comhsheasmhacht na dtreochtaí agus na réamh-mheastachán sin a áirithiú agus é de chuspóir laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i ngach earnáil den gheilleagar i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119;

(g) na treochtaí reatha agus na réamh-mheastacháin amach anseo maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó na catagóirí tuairiscithe agus na roghanna rialála seo a leanas chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na treochtaí agus na réamh-mheastacháin sin agus é de chuspóir laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i ngach earnáil den gheilleagar i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119:

(i) coipeadh eintreach;

(ii) bainistiú aoiligh;

(iii) saothrú ríse;

(iv) ithreacha talmhaíochta;

(v) loscadh forordaithe sabhánaí;

(vi) loscadh ar an láthair d'fhuíll talmhaíochta;

(vii) aoladh;

(viii) úsáid úiré;

(ix) leasacháin eilea bhfuil carbón iontu;

(x) eile.

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sin, i gcás inarb ábhartha, éifeachtaí an struchtúir aoise foraoise, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil baint ag na héifeachtaí sin le himthosca sonracha cogaidh nó iarchogaidh, ar bhealach atá láidir ó thaobh na heolaíochta de, iontaofa agus trédhearcach, agus d'fhonn athléimneacht fhadtéarmach agus acmhainneacht oiriúnaitheach foraoisí a áirithiú.

Féadfar sa tuarascáil sin freisin, tar éis modheolaíocht iomchuí tuairiscithe eolaíochtbhunaithe a ghlacadh agus bunaithe ar an dul chun cinn sa tuairisciú agus ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí atá ar fáil, measúnú a dhéanamh ar indéantacht na hanailíse agus ar an tionchar a bheadh ag tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe ó earnálacha breise, amhail na timpeallachtaí muirí agus fionnuisce, chomh maith le roghanna rialála ábhartha.

Mar thoradh ar an tuarascáil agus á chur san áireamh a thábhachtaí atá sé go rannchuideodh gach earnáil go cothrom le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus le spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2021/1119, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha a thíolacadh. Go háirithe, féadfar spriocanna an Aontais agus spriocanna na mBallstát a leagan amach sna tograí sin maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, agus aird chuí á tabhairt ar aon easnamh arna charnadh faoi 2030 ag gach Ballstát.

Féadfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide arna bhunú faoi Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) ('an Bord Comhairleach'), ar a thionscnamh féin, comhairle eolaíoch a sholáthar nó tuarascálacha a eisiúint maidir le bearta an Aontais, spriocanna aeráide, leibhéil bhliantúla astaíochtaí agus aistrithe agus solúbthachtaí faoin Rialachán seo. Breithneoidh an Coimisiún comhairle agus tuarascálacha ábhartha an Bhoird Chomhairligh, go háirithe maidir le bearta amach anseo arb é is aidhm dóibh astaíochtaí a laghdú tuilleadh agus aistrithe a mhéadú tuilleadh sna fo-earnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

3. Laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh a bhaineann le creat rialála de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na tairbhí agus na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar tháirgí stórála carbóin fadshaolacha a fhaightear ó fhoinsí inbhuanaithe, ar táirgí iad a bhfuil éifeacht ghlandhearfach ceaptha carbóin acu, a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar conas breithniú a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe díreacha agus indíreacha gás ceaptha teasa a bhaineann leis na táirgí sin, amhail na cinn sin a eascraíonn as athrú ar thalamhúsáid agus rioscaí iarmhartacha maidir le sceitheadh astaíochtaí gaolmhara, chomh

maith le tairbhí agus comhbhabhtálacha féideartha le cuspóirí comhshaoil eile de chuid an Aontais, go háirithe cuspóirí bithéagsúlachta. I gcás inarb iomchuí, féadfar breithniú a dhéanamh sa tuarascáil ar phróiseas chun táirgí stórála carbóin inbhuanaithe a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil eile de chuid an Aontais, chomh maith le Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras. Féadfaidh togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú dá réir sin a bheith ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí.

(*) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol. (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13).';

(16) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán leasaitheach seo;

(17) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán leasaitheach seo;

(18) in Iarscríbhinn III, scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe;

(19) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán leasaitheach seo a chur isteach mar Iarscríbhinn IIa;

(20) in Iarscríbhinn IV, Cuid C, scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe;

(21) leasaítear Iarscríbhinn VI i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán leasaitheach seo;

(22) in Iarscríbhinn VII, scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

"(63) ciallaíonn 'córas faisnéise geografaí' córas ríomhaireachta atá in ann faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha a ghabháil, a stóráil, a anailísiú agus a thaispeáint;

(64) ciallaíonn 'iarratas geo-spásúil' foirm iarratais leictreonach ina gcuimsítear feidhmchlár TF atá bunaithe ar chóras faisnéise geografaí lena gcuirtear ar chumas tairbhithe dáileachtaí talmhaíochta an ghabháltais agus na limistéar neamhthalmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith a dhearbhú.";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1)(ii):

"(ii) 'maidir le gealltanais agus spriocanna náisiúnta an Bhallstát i ndáil le haistrithe astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Airteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/841;";

(3) in Airteagal 9(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(e) comhsheasmhacht na mbeart airgeadais ábhartha, lena n-áirítear an sciar ábhartha d'ioncam a ghintear ó lamháltais EU ETS a úsáidtear le haghaidh talamhúsáide, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseachta a chur ar ceant faoi Threoir 2003/87/CE, tacaíocht ón Aontas agus úsáid chistí an Aontais amhail ionstraimí an Chomhbheartais Talmhaíochta, beartais agus bearta, maidir le gealltanais, spriocanna agus buiséid na mBallstát a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841 a bhaint amach.";

(4) in Airteagal 26(6), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(c) cuid 3 d'Iarscríbhinn V a leasú chun liosta na gcatagóirí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais.";

(5) in Airteagal 37, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"4a. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún, le linn na seiceála tosaigh a rinneadh de bhun mhír 4 den Airteagal seo, difríocht idir meán bliantúil na nglanaistrithe sna blianta a shonraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/841 arna dtuairisciú ag aon Bhallstát in 2020 agus 2023 nó in aon tíolacadh an fhardail gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin atá níos mó ná 500 kt $CO_2$, fíoróidh an Coimisiún:

(a) trédhearcacht, cruinneas, comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus iomláine na faisnéise arna tíolacadh; agus

(b) go ndéanfar tuairisciú LULUCF ar bhealach atá comhsheasmhach le cáipéisí treorach UNFCCC nó le rialacha de chuid an Aontais.

Cuirfidh an Coimisiún torthaí an fhíoraithe ar fáil go poiblí.";

(6) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"1a. In 2025, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar shonraí an fhardail náisiúnta arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) den Rialachán seo, chun spriocanna bliantúla an laghdaithe ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa do na Ballstáit a chinneadh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/841 agus chun leithdháiltí astaíochtaí bliantúla na mBallstát a chinneadh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/842.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaí:

"Beidh na nithe seo a leanas san athbhreithniú cuimsitheach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a:";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tráth athbhreithniú cuimsitheach, arna dhéanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, a chríochnú, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, suim iomlán na n-astaíochtaí do na blianta ábhartha a eascraíonn ó na sonraí ceartaithe fardail do gach Ballstát agus sin roinnte idir na sonraí astaíochta atá ábhartha d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842 agus do shonraí astaíochta dá dtagraítear i gCuid 1, pointe (c), d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus cinnfidh sé suim iomlán na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe is ábhartha d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841.";

(7) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán leasaitheach seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 19 Aibreán 2023.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn B:

"B. Linnte carbóin dá dtagraítear in Airteagal 5(4):

(a) bithmhais bheo;

(b) bruscar ([1]);

(c) adhmad marbh[1];

(d) ábhar orgánach marbh ([2]);

(e) ithreacha mianracha;

(f) ithreacha orgánacha;

(g) táirgí adhmaid lománaithe i gcatagóirí cuntasaíochta talún de thalamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe."

---

([1]) Tá feidhm leis maidir le Talamh Foraoisithe agus Talamh Foraoise Bainistithe amháin.

([2]) Tá feidhm leis maidir le Talamh Dífhoraoisithe, Talamh Curaíochta Bainistithe, Féarthalamh Bainistithe agus Bogaigh Bhainistithe amháin.

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis an Spáinn, leis an tSlóivéin agus leis an bhFionlainn:

| "An Ballstát | Achar (ha) | Cumhdach mullaí crann (%) | Airde crann (m) |
|---|---|---|---|
| An Spáinn | 1,0 | 20<br>Ó thráth chur isteach an fhardail gás ceaptha teasa in 2028 ar aghaidh: 10 | 3 |
| An tSlóivéin | 0,25 | 10 | 5 |
| An Fhionlainn | 0,25 | 10 | 5" |

(2) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe.

*IARSCRÍBHINN III*

*"IARSCRÍBHINN IIa*

Sprioc an Aontais (colún D), meán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 (colún B) agus spriocanna náisiúnta na mBallstát (colún C) dá dtagraítear in Airteagal 4(3) atá le baint amach in 2030

| A | B | C | D |
|---|---|---|---|
| An Ballstát | Meán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 (kt de choibhéis $CO_2$), aighneacht 2020 | Spriocanna na mBallstát, 2030 (kt de choibhéis $CO_2$) | Luach na nglanaistrithe gás ceaptha teasa in (kt de choibhéis $CO_2$) in 2030, aighneacht 2020 (Colúin B+C) |
| An Bheilg | - 1 032 | - 320 | - 1 352 |
| An Bhulgáir | - 8 554 | - 1 163 | - 9 718 |
| Poblacht na Seice | - 401 | - 827 | - 1 228 |
| An Danmhairg | 5 779 | - 441 | 5 338 |
| An Ghearmáin | - 27 089 | - 3 751 | - 30 840 |
| An Eastóin | - 2 112 | - 434 | - 2 545 |
| Éire | 4 354 | - 626 | 3 728 |
| An Ghréig | - 3 219 | - 1 154 | - 4 373 |
| An Spáinn | - 38 326 | - 5 309 | - 43 635 |
| An Fhrainc | - 27 353 | - 6 693 | - 34 046 |
| An Chróit | - 4 933 | - 593 | - 5 527 |
| An Iodáil | - 32 599 | - 3 158 | - 35 758 |
| An Chipir | - 289 | - 63 | - 352 |
| An Laitvia | - 6 | - 639 | - 644 |
| An Liotuáin | - 3 972 | - 661 | - 4 633 |
| Lucsamburg | - 376 | - 27 | - 403 |
| An Ungáir | - 4 791 | - 934 | - 5 724 |
| Málta | 4 | - 2 | 2 |
| An Ísiltír | 4 958 | - 435 | 4 523 |
| An Ostair | - 4 771 | - 879 | - 5 650 |
| An Pholainn | - 34 820 | - 3 278 | - 38 098 |
| An Phortaingéil | - 390 | - 968 | - 1 358 |
| An Rómáin | - 23 285 | - 2 380 | - 25 665 |
| An tSlóivéin | 67 | - 212 | - 146 |
| An tSlóvaic | - 6 317 | - 504 | - 6 821 |
| An Fhionlainn | - 14 865 | - 2 889 | - 17 754 |
| An tSualainn | - 43 366 | - 3 955 | - 47 321 |
| AE-27/Aontas | - 267 704 | - 42 296 | - 310 000". |

*IARSCRÍBHINN IV*

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) meastacháin iomlána bhliantúla ar astaíochtaí maidir leis na cineálacha sin de shuaitheadh nádúrtha le haghaidh na tréimhse ó 2001 go 2020, arna liostú de réir catagóirí cuntasaíochta talún sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus de réir catagóirí tuairiscithe talún sa tréimhse ó 2026 go 2030;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. Tar éis an leibhéal cúlra a ríomh de bhun phointe 2 den Iarscríbhinn seo, má sháraíonn na hastaíochtaí i mbliain ar leith le linn na dtréimhsí ó 2021 go 2025 le haghaidh catagóirí cuntasaíochta talún talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe mar a leagtar amach in Airteagal 2(1) an leibhéal cúlra móide corrlach, féadfar méid na n-astaíochtaí a sháraíonn an leibhéal cúlra a eisiamh i gcomhréir le hAirteagal 10. Beidh an corrlach cothrom le leibhéal dóchúlachta 95 %.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Ní dhéanfar na hastaíochtaí seo a leanas a eisiamh faoi chur i bhfeidhm Airteagal 10:

(a) astaíochtaí a bhíonn ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saothraithe foraoise agus ar ghníomhaíochtaí lománaíochta tarrthála a rinneadh ar na tailte sin tar éis do shuaití nádúrtha tarlú;

(b) astaíochtaí a bhíonn ann mar thoradh ar loscadh forordaithe a rinneadh ar na tailte sin in aon bhliain den tréimhse ó 2021 go 2025;

(c) astaíochtaí ar thailte ar tharla dífhoraoisiú iontu tar éis do shuaití nádúrtha tarlú.";

(d) leasaítear pointe 5 mar a leanas:

(i) scriostar pointe (a);

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

"(b) fianaise nach ndearnadh aon dhífhoraoisiú le linn an chuid eile den tréimhse ó 2021 go 2025 ar thailte a ndearna suaití nádúrtha difear dóibh agus nár áiríodh sa chuntasaíocht;

(c) tuairisc ar na modhanna infhíoraithe agus ar na critéir a mbainfear úsáid astu chun dífhoraoisiú ar na tailte sin a shainaithint sna blianta i ndiaidh na tréimhse ó 2021 go 2025;";

(iii) scriostar pointí (d) agus (e);

(e) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"6. Áirítear an méid seo a leanas i gceanglas faisnéise de bhun Airteagal 10(2) agus Airteagail 13 agus 13b:

(a) sainaithint a dhéanamh ar na limistéir uile talún a ndearnadh suaití nádúrtha sa bhliain áirithe sin difear dóibh, lena n-áirítear suíomh geografach na limistéar sin, an tréimhse inar tharla na suaití nádúrtha agus an cineál suaite a bhí ann;

(b) i gcás inar féidir sin a dhéanamh, tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun tionchar na suaití nádúrtha sin a chosc nó a theorannú;

(c) i gcás inar féidir sin a dhéanamh, tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun na tailte a ndearna na suaití nádúrtha sin difear dóibh a athshlánú.".

*IARSCRÍBHINN V*

In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 3:

**"Cuid 3**

**Modheolaíochtaí maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh san earnáil LULUCF**

Le haghaidh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh san earnáil LULUCF, úsáidfidh na Ballstáit sonraí atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de ar thiontú talamhúsáide i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht agus cúnamh leordhóthanach ar fáil do na Ballstáit chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht na sonraí arna mbailiú a áirithiú. Moltar do na Ballstáit sineirgí agus deiseanna a fhiosrú chun tuairisciú a chomhdhlúthú le réimsí beartais ábhartha eile agus iarracht a dhéanamh i dtreo fardail gás ceaptha teasa lena gceadaítear idir-inoibritheacht le bunachair sonraí leictreonacha ábhartha agus le córais faisnéise geografaí ábhartha, lena n-áirítear:

(a) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún le talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, mar a shainmhínítear in Airteagal 29(4) de Threoir (AE) 2018/2001;

(b) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún atá faoi réir cosanta, a shainmhínítear mar thalamh atá cumhdaithe le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

— talamh a bhfuil luach ard bithéagsúlachta aige mar a shainmhínítear in Airteagal 29(3) de Threoir (AE) 2018/2001;

— láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle (*) agus limistéir chaomhantais speisialta a ainmníodh i gcomhréir leis an Airteagal sin agus aonaid talún lasmuigh díobh sin atá faoi réir bearta cosanta agus caomhnaithe faoi Airteagal 6(1) agus (2) den Treoir sin chun cuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;

— láithreáin phórúcháin agus áiteanna scíthe na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE atá faoi réir bearta cosanta faoi Airteagal 12 den Treoir sin;

— na gnáthóga nádúrtha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus gnáthóga na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE a fhaightear lasmuigh de láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo nó limistéir chaomhantais speisialta agus a rannchuidíonn leis na gnáthóga agus leis na speicis sin stádas fabhrach caomhnaithe a bhaint amach faoi Airteagal 2 den Treoir sin nó ar féidir iad a chur faoi réir bearta coisctheacha agus feabhais faoi Threoir 2004/35/CE (**);

— limistéir chaomhantais speisialta a aicmítear faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) agus na haonaid talún lasmuigh de na ceantair sin atá faoi réir bearta cosanta agus caomhnaithe faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE agus Airteagal 6(2) de Threoir 92/43/CEE chun cuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;

— aonaid talún atá faoi réir bearta le haghaidh caomhnú éan a thuairiscítear mar éin nach bhfuil stádas slán acu faoi Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE d'fhonn an ceanglas faoi Airteagal 4(4), an dara habairt, den Treoir sin a chomhlíonadh, in iarracht truailliú nó meathlú gnáthóg a sheachaint nó an ceanglas faoi Airteagal 3 den Treoir sin a chomhlíonadh chun éagsúlacht agus limistéar leordhóthanach gnáthóg do speicis éan a chaomhnú, agus a choinneáil ar bun;

— aon ghnáthóg eile arna hainmniú ag na Ballstáit chun críocha atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE;

— aonaid talún atá faoi réir bearta is gá chun stádas éiceolaíoch na ndobharlach uisce dromchla dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a)(iii), de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chosaint agus chun neamh-mheathlú an stádais sin a áirithiú (****);

— tuilemhánna nádúrtha nó limistéir chun uisce ó thuilte a choimeád atá faoi chosaint na mBallstát i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte faoi Threoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*****);

— na limistéir faoi chosaint arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun spriocanna na limistéar faoi chosaint a bhaint amach;

(c) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún is ábhar d'athchóiriú, arna shainiú mar thalamh atá cumhdaithe le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

— láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo, limistéir chaomhantais speisialta agus limistéir faoi chosaint speisialta mar a thugtar tuairisc orthu i bpointe (b) thuas, mar aon leis na haonaid talún lasmuigh díobh a shainaithnítear mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe nó cúiteacha de dhíth orthu, atá dírithe ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;

— gnáthóga na speiceas éan fiáin dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2009/147/CE nó a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin, a fhaightear lasmuigh de limistéir faoi chosaint speisialta agus a shainaithnítear mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe de dhíth orthu chun críoch Threoir 2009/147/CE;

— na gnáthóga nádúrtha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus gnáthóga na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann léi atá lasmuigh de láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo nó limistéir chaomhantais speisialta agus a shainaithnítear mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe de dhíth orthu chun críocha stádas fabhrach caomhantais a bhaint amach faoi Threoir 92/43/CEE, nó a shainaithnítear mar chinn a bhfuil bearta feabhais de dhíth orthu chun críocha Airteagal 6 de Threoir 2004/35/CE;

— limistéir a shainaithnítear mar chinn a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu nó atá faoi réir bearta chun a áirithiú nach dtagann meath orthu faoi phlean athbhunaithe dúlra is infheidhme i mBallstát;

— aonaid talún atá faoi réir bearta a éilítear chun stádas maith éiceolaíoch a chur ar ais sna dobharlaigh uisce dromchla dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a)(iii), de Threoir 2000/60/CE, nó bearta a éilítear chun stádas ard éiceolaíoch a chur ar ais i ndobharlaigh den sórt sin i gcás ina gceanglaítear é sin de réir dlí;

— aonaid talún atá faoi réir bearta chun limistéir bhogaigh, dá dtagraítear i gCuid B, pointe (viii), d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, a athchruthú agus a athchóiriú;

— limistéir a bhfuil athchóiriú éiceachórais de dhíth orthu chun riocht mhaith éiceachórais a bhaint amach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (******);

(d) córas chun faireachán a dhéanamh ar na haonaid úsáide talún seo a leanas a bhfuil riosca ard aeráide ag baint leo:

— limistéir faoi réir cúitimh faoi mhíreanna 5 agus 6 d'Airteagal 13b de Rialachán (AE) 2018/841;

— limistéir dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2007/60/CE;

— limistéir a shainaithnítear i straitéis náisiúnta um oiriúnú na mBallstát mar limistéir ina bhfuil rioscaí arda nádúrtha agus rioscaí de dhéantús an duine, faoi réir gníomhaíochtaí laghdaithe rioscaí tubaiste a bhaineann leis an aeráid;

(e) córas chun faireachán a dhéanamh ar stoic charbóin ithreach, ag úsáid, *inter alia*, tacair sonraí bhliantúla de chuid an tSuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (LUCAS).

Leis an bhfardal gás ceaptha teasa beifear in ann sonraí a mhalartú agus a chomhtháthú idir na bunachair sonraí leictreonacha agus na córais faisnéise gheografacha, chun a n-inchomparáideacht agus a n-inrochtaineacht phoiblí a éascú.

Don tréimhse 2021-2025, úsáidfidh na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 1 ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT, cé is moite de linn charbóin arb ionann í agus 25 % ar a laghad d'astaíochtaí nó d'aistrithe i bhfoinse nó i gcatagóir linnte a dtugtar tosaíocht di laistigh de chóras fardail náisiúnta Ballstáit toisc go bhfuil tionchar suntasach ag a meastachán ar fhardal iomlán GCTanna i dtéarmaí dearbhleibhéal na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe, an treocht maidir le hastaíochtaí agus aistrithe, nó an éiginnteacht in astaíochtaí agus aistrithe sna catagóirí úsáide talún, agus sa chás sin, úsáidfear modheolaíochtaí Leibhéal 2 ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT.

Ón uair a chuirfear an fardal gás ceaptha teasa isteach in 2028 ar aghaidh, úsáidfidh na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 2 ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT, cé go ndéanfaidh na Ballstáit, chomh luath agus is féidir agus ó thíolacadh an fhardail gás ceaptha teasa in 2030 ar a dhéanaí, do gach meastachán astaíochtaí agus aistrithe linnte carbóin a thagann i limistéir aonad úsáide talún ardstoic carbóin dá dtagraítear i bpointe (a), limistéir d'aonaid úsáide talún atá faoi chosaint nó faoi athchóiriú dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), agus limistéir d'aonaid úsáide talún faoi rioscaí móra aeráide amach anseo dá dtagraítear i bpointe (d), modheolaíochtaí Leibhéal 3 a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT.

D'ainneoin na fomhíre roimhe seo, i gcás inarb ionann an limistéar faoi aon chatagóir aonair a liostaítear i bpointí (a) go (d) agus níos lú ná 1 % den limistéar talún bainistithe arna thuairisciú ag an mBallstát, úsáidfidh na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 2 ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT.

(*) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

(**) Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

(***) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

(****) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

(*****) Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú baol tuilte (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

(******) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13)."

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/840 ÓN gCOIMISIÚN

**an 25 Samhain 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an mhodheolaíocht chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le húsáid i gcomhréir le hAirteagal 9(14) den Rialachán sin a ríomh agus a chothabháil**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh 600/2014, (AE) Uimh 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(15), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le húsáid ag CPLanna i gcásanna anacra a chinneadh agus saintréithe aonair gach CPL á gcur san áireamh.

(2) Leis an modheolaíocht chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe atá le húsáid ag CPL tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana a ríomh, ba cheart a cheadú, dá bhrí sin, go bhféadfaí CPLanna a bhfuil próifíl riosca chasta acu ar cheart méid na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a bheith níos airde ina leith a dhealú le CPLanna a bhfuil próifílí riosca nach bhfuil chomh casta céanna acu nó a dhéanann bainistíocht níos coimeádaí ar rioscaí ar cheart méid na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a bheith níos ísle ina leith.

(3) Maidir leis an modheolaíocht chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe atá le húsáid ag contrapháirtí lárnach tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana a ríomh, ba cheart paraiméadair atá sách soiléir agus oibiachtúil a bheith inti chun deacrachtaí measúnaithe a sheachaint agus ba cheart di foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach thar CPLanna. Leis na paraiméadair sin, ba cheart é a bheith indéanta freisin an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a oiriúnú do struchtúr agus d'eagrú inmheánach an CPL, do chineál, do raon feidhme agus do chastacht a ghníomhaíochtaí, agus do struchtúr dhreasachtaí a scairshealbhóirí, a lucht bainistíochta agus a chomhaltaí imréitigh, agus chliaint na gcomhaltaí imréitigh sin. Ba cheart luach arna shloinneadh i bpointí céatadáin a shannadh do gach paraiméadar. Leibhéal de réir céatadáin chaipiteal rioscabhunaithe an CPL a úsáidtear mar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe atá le húsáid ag contrapháirtithe lárnacha tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana, ba cheart é a bheith mar thoradh ar shuim na bparaiméadar uile.

([1]) IO L 22, 22.1.2021, lch. 1.

(4) Chun struchtúr agus eagrúchán inmheánach an CPL agus cineál, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí a chur san áireamh, ba cheart do CPL measúnú a dhéanamh ar chineál agus ar chastacht na n-aicmí sócmhainní a imréitítear, ar líon agus ar chastacht a idirthuilleamaíochtaí le bonneagair eile an mhargaidh airgeadais agus le hinstitiúidí airgeadais, ar éifeachtúlacht a eagrúcháin inmheánaigh, ar stóinseacht a chreata bainistíochta riosca, agus ar líon na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha ábhartha ar feitheamh tar éis torthaí a fháil ó údarás inniúil an CPL.

(5) Chun struchtúr na ndreasachtaí atá ag scairshealbhóirí, lucht bainistíochta agus comhaltaí imréitigh na CPLanna agus ag cliaint na gcomhaltaí imréitigh a chur san áireamh, ba cheart do CPL measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena úinéireacht dhíreach nó indíreach agus lena struchtúr caipitil agus ar na dreasachtaí airgeadais atá leabaithe i luach saothair bhainistíocht shinsearach an CPL, agus ar cé chomh rannpháirteach atá na comhaltaí imréitigh agus na cliaint i rialachas riosca an CPL chomh maith.

(6) Ba cheart do CPLanna athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe chun a áirithiú go bhfanann an méid sin ar leibhéal leordhóthanach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tar éis athrú ábhartha ar cheanglais chaipitil rioscabhunaithe de chuid CPL arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(7) Chun ualaí nach bhfuil gá leo a sheachaint, níor cheart ceangal a chur ar CPL an ríomh a dhéanamh bunaithe ar pharaiméadair shonracha na modheolaíochta i gcás ina gcinneann sé uasmhéid na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a chur i bhfeidhm go deonach ag 25 %.

(8) Tá sé tábhachtach i gcás mainneachtana go ndéanfaí an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a leithdháileadh go cothrom. Dá bhrí sin, ba cheart do CPLanna a bhfuil níos mó ná ciste mainneachtana amháin bunaithe acu le haghaidh aicmí éagsúla na n-ionstraimí airgeadais a imréitíonn siad an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a leithdháileadh ar gach ciste mainneachtana i gcomhréir lena mhéid. I gcás neamh-mhainneachtana, ba cheart méid iomlán na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a bheith ar fáil chun caillteanais a chumhdach.

(9) Tábhacht choibhneasta na bparaiméadar éagsúil lena léirítear eagrúchán inmheánach an CPL, cineál, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí, agus struchtúr dhreasachtaí a pháirtithe leasmhara agus dreasachtaí le haghaidh bainistíocht riosca chuí á dtreisiú acu, ba cheart iad a léiriú sa mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe atá le húsáid ag contrapháirtithe lárnacha tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana. Dá bhrí sin, gan dochar do na céatadáin íosta agus uasta atá le cur i bhfeidhm chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a chinneadh, ba cheart ríomh an chéatadáin atá le cur i bhfeidhm chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a chinneadh a bheith ina shuim charnach de na pointí céatadáin uile a shanntar do gach paraiméadar. Ba cheart suim na dtáscairí cainníochtúla ábhartha a bheith mar chéatadán atá le cur i bhfeidhm le haghaidh gach paraiméadair. Ba cheart raon leathan le haghaidh na dtáscairí cainníochtúla a shannadh do na paraiméadair is suntasaí sa mheasúnú ar rioscaí agus ar chastacht CPL, agus ba cheart raon níos cúinge a shannadh do pharaiméadair a thagraíonn do ghné shonrach riosca de chuid an CPL.

(10) Leis an modheolaíocht chun acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a chothabháil, ba cheart cead a thabhairt do CPLanna tionchar an cheanglais maidir leis na hacmhainní breise sin a mhaolú trína chur ar a gcumas na hacmhainní breise sin a infheistiú i sócmhainní seachas na sócmhainní sin a mheastar i mbeartas infheistíochta na CPLanna dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar choinníoll go gcuirfidh na CPLanna sin na nósanna imeachta iomchuí chun feidhme chun bearta téarnaimh a chur i bhfeidhm chun an riosca nach mbeidh fáil láithreach ar shócmhainní den sórt sin a mhaolú.

(11) Is gá tionchar na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise ar CPLanna a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart féidearthachtaí infheistíochta CPLanna maidir le hacmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a chothabháil a ailíniú i bpáirt le liosta na sócmhainní atá incháilithe mar chomhthaobhacht lena nglacann CPLanna ó chomhaltaí imréitigh. Ráthófaí leis an gcur chuige sin fós go mbeadh an creat agus na nósanna imeachta iomchuí ag CPLanna chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na sócmhainní sin agus a leachtú tráth struis. Mar sin féin, ba cheart roinnt sócmhainní atá incháilithe mar chomhthaobhacht a eisiamh ó liosta na n-infheistíochtaí incháilithe toisc nach féidir a mheas go bhfuil siad leachtach a ndóthain, nó go ndéanfadh siad acmhainní dílse an CPL a nochtadh ar riosca iomarcach creidmheasa agus margaidh, agus dá bhrí sin ní féidir a mheas go bhfuil siad oiriúnach d'infheistíocht CPL.

---

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

(12) Nuair nach mbeidh fáil láithreach ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a infheistítear i sócmhainní seachas na sócmhainní sin dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart do CPLanna, tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana, a n-údarás inniúil agus a gcomhaltaí imréitigh a chur ar an eolas faoi. I gcás mar sin, ba cheart CPLanna a bheith i dteideal an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe nach bhfuil ar fáil a chumhdach trí ranníocaíochtaí airgeadais a iarraidh ar a gcomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana. Ba cheart ranníocaíochtaí den sórt sin a leithdháileadh ar bhealach cothrom comhréireach.

(13) Ba cheart do CPLanna comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a aisíoc as an ranníocaíocht airgeadais a sholáthair na comhaltaí imréitigh sin chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe nach bhfuil ar fáil a chumhdach. Chun neamhchosaint chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana na CPLanna a theorannú, agus chun a áirithiú go mbeidh siad in ann aon ranníocaíocht airgid amach anseo a sheasamh, ba cheart an aisíocaíocht sin a sholáthar laistigh de thréimhse réasúnta, in airgead tirim agus san airgeadra céanna inar soláthraíodh an ranníocaíocht airgeadais. Níor cheart an aisíocaíocht a íoc go dtí go mbeidh a n-oibleagáidí íocaíochta eile comhlíonta ag na CPLanna. I gcás nach ndéanfar an aisíocaíocht laistigh de thréimhse réasúnta, ba cheart a cheangal ar CPLanna, mar dhreasacht chun na méideanna atá dlite a fhorchúiteamh, ús bliantúil a íoc ar na méideanna sin.

(14) Chun iomaíochas idirnáisiúnta CPLanna an Aontais a chaomhnú, rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt aige, anailís ar na rialacha is infheidhme maidir le CPLanna tríú tír agus ar a gcleachtais, mar aon le hanailís ar fhorbairtí idirnáisiúnta maidir le téarnamh agus réiteach CPLanna. Is ar bhonn na n-anailísí sin a tháinig ESMA ar an gconclúid nár cheart don mhodheolaíocht atá beartaithe chun méideanna breise na n-acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a ríomh le haghaidh CPLanna de chuid an Aontais dochar a dhéanamh d'iomaíochas CPLanna de chuid an Aontais atá gníomhach go hidirnáisiúnta.

(15) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA a bhunaítear an Rialachán seo.

(16) D'fhorbair ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla i gcomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**An méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe an CPL a ríomh agus a leithdháileadh**

1. Ríomhfaidh CPLanna an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 9(14) de Rialachán (AE) 2021/23 trí na ceanglais chaipitil rioscabhunaithe a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 152/2013 ón gCoimisiún ([4]) a iolrú faoi leibhéal 'P' de réir céatadáin den mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe na CPLanna arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2.

2. Déanfaidh CPLanna athbhreithniú ar chinneadh an leibhéil de réir céatadáin agus ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le mír 1 tar éis gach athrú ábhartha ar a gceanglais chaipitil rioscabhunaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 152/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis na ceanglais chaipitil ar chontrapháirtithe lárnacha (IO L 52, 23.2.2013, lch. 37).

3. CPLanna a chinneann an céatadán uasta de 25 % a chur i bhfeidhm go deonach chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 9(14) de Rialachán (AE) 2021/23 a ríomh, ní cheanglófar orthu an leibhéal de réir céatadáin dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo a chinneadh.

4. Déanfaidh CPLanna a bhfuil níos mó ná ciste mainneachtana amháin bunaithe acu le haghaidh aicmí éagsúla na n-ionstraimí airgeadais a imréitíonn siad an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le mír 1 a leithdháileadh ar gach ceann de na cistí mainneachtana i gcomhréir le méid gach ciste mainneachtana. Léireoidh CPLanna an leithdháileadh ar leithligh ina gcláir chomhardaithe. Úsáidfidh CPLanna na méideanna breise arna leithdháileadh ar chiste mainneachtana le haghaidh mainneachtain a thagann chun cinn i ndeighleoga an mhargaidh dá dtagraíonn an ciste mainneachtana. I gcás teagmhas neamh-mhainneachtana, déanfaidh CPLanna méid iomlán an mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le mír 1 a leithdháileadh in aghaidh na gcaillteanas arna dtabhú mar thoradh ar an teagmhas neamh-mhainneachtana.

*Airteagal 2*

**Leibhéal de réir céatadáin an mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe an CPL a chinneadh**

Déanfaidh CPLanna leibhéal de réir céatadáin an mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe an CPL dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a ríomh i gcomhréir leis na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

**An méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe na CPLanna a chothabháil**

1. Tabharfaidh na CPLanna fógra i scríbhinn láithreach dá n-údarás inniúil i gcás ina dtitfidh an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe faoi bhun an mhéid breise a cheanglaítear arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1(1), agus i gcás aon laghdú ina dhiaidh sin ar an méid breise sin. Leagfar amach go mionsonraithe san fhógra sin i scríbhinn an méid breise atá fágtha d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe agus cuirfear an t-údarás inniúil ar an eolas faoi cibé an bhfuiltear ag súil le haon laghdú breise ar an méid sin sna 5 lá gnó tar éis an fhógra sin nó nach bhfuiltear. Leagfar amach freisin san fhógra i scríbhinn cén fáth ar thit an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe faoi bhun an mhéid breise is gá agus beidh tuairisc chuimsitheach ann ar na bearta agus ar an tráthchlár chun an méid sin a athshlánú.

2. I gcás ina dtarlaíonn mainneachtain comhalta imréitigh amháin nó níos mó ina dhiaidh sin nó ina dtarlaíonn teagmhas neamh-mhainneachtana sula ndéanfaidh an CPL lena mbaineann an méid breise iomlán dá acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1(1) a athshlánú, ní úsáidfidh CPLanna ach an méid iarmharach den mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe chun críocha Airteagal 9(14) de Rialachán (AE) 2021/23.

3. Déanfaidh CPLanna an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe a athshlánú laistigh de 20 lá oibre ar a dhéanaí ón gcéad fhógra i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1.

4. I gcás ina bhfuil an leibhéal de réir céatadáin a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 2 níos airde ná 10 %, féadfaidh CPLanna barrachas an mhéid a iarradh d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe breise a infheistiú in ór agus in ionstraimí airgeadais a mheastar a bheith ina gcomhthaobhacht an-leachtach i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go gcuimsítear na sócmhainní sin i mbeartas comhthaobhach na CPLanna;

(b) nach ráthaíochtaí bainc, díorthaigh ná cothromais iad na sócmhainní sin;

(c) go bhfuil na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán seo i bhfeidhm ag na CPLanna lena mbaineann.

*Airteagal 4*

**An nós imeachta chun bearta téarnaimh a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil an méid breise ar fáil láithreach**

1. Cuirfidh CPLanna a n-údarás inniúil agus a gcomhaltaí imréitigh ar an eolas láithreach, tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana, nach bhfuil fáil láithreach ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1. Tabharfaidh siad freisin dá n-údarás inniúil agus dá gcomhaltaí imréitigh tuairisc mhionsonraithe ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe nach bhfuil ar fáil, agus ar an gcúis nach bhfuil sé ar fáil.

2. I gcás ina mbailíonn CPLanna, tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana, acmhainní airgeadais ó chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana, beidh an méid a bhaileofar comhionann leis an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe nach bhfuil ar fáil agus déanfaidh na CPLanna lena mbaineann an méid sin a dháileadh i measc na gcomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana i gcomhréir lena ranníocaíochtaí leis an gciste mainneachtana.

*Airteagal 5*

**Nós imeachta maidir le cúiteamh a thabhairt do chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a sholáthair ranníocaíocht airgeadais i gcás nach bhfuil an méid breise ar fáil láithreach**

1. Déanfaidh CPLanna gach beart réasúnta chun comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a rinne ranníocaíocht airgeadais leis an CPL a aisíoc i gcomhréir le hAirteagal 4(2). Déanfaidh siad amhlaidh trí luach airgid a chur ar na sócmhainní a úsáidtear chun an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1(1) a infheistiú laistigh de 20 lá oibre ar a dhéanaí tar éis fógra a thabhairt nach bhfuil na cistí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar fáil.

2. Faoi réir mhír 4, aisíocfaidh CPLanna na comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana laistigh de thréimhse réasúnta agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí go ndéanfar na méideanna uile a fhorchúiteamh.

3. Déanfar na méideanna uile atá dlite do chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a aisíoc in airgead tirim, san airgeadra céanna ina ndearna an comhalta imréitigh neamh-mhainneachtana ranníocaíocht airgeadais leis an CPL.

4. Íocfaidh CPLanna na méideanna atá dlite dóibh do chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana tar éis do gach ceann de na rudaí seo a leanas tarlú:

(a) costais oibríochtúla a sheirbhísiú;

(b) aon oibleagáid fiachais atá dlite agus iníoctha a íoc;

(c) aon chúiteamh atá le híoc laistigh den tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/450 ón gCoimisiún ([5]) a íoc.

5. Íocfaidh CPLanna ús bliantúil ar na méideanna atá dlite i gcás ina dtógann an aisíocaíocht iomlán breis agus 120 lá oibre ó dháta an bhirt téarnaimh tosaigh lenar ceanglaíodh an ranníocaíocht airgeadais ar chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana. Socrófar an ráta úis ag an ráta úis mainneachtana a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/450 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an t-ord ar dá réir atá CPLanna leis an gcúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/23 a íoc, an líon uasta blianta ar lena linn atá na CPLanna sin le sciar dá mbrabúis bhliantúla a úsáid le haghaidh íocaíochtaí den sórt sin le sealbhóirí ionstraimí lena n-aithnítear éileamh ar a mbrabúis amach anseo agus an sciar uasta de na brabúis sin atá le húsáid le haghaidh na n-íocaíochtaí sin (IO L 67, 3.3.2023, lch. 5).

([6]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

## 1. **Treoracha ginearálta**

Déanfaidh an CPL leibhéal de réir céatadáin an mhéid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamh-mhaoinithe an CPL dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$P = \max(10\%; (\min(25\%; \sum_{i=1}^{5} A_i + \sum_{i=1}^{3} B_i))$$

mar a gciallaíonn:

"A" = na paraiméadair $A_1$ go $A_5$ a ríomhfaidh an CPL i gcomhréir le ranna 2 go 6 den Iarscríbhinn seo;

"B" = na paraiméadair $B_1$ go $B_3$ a ríomhfaidh an CPL i gcomhréir le ranna 7 go 9 den Iarscríbhinn seo.

Léiríonn na paraiméadair $A_1$ go $A_5$ struchtúr agus eagrúchán inmheánach, chomh maith le cineál, raon feidhme agus castacht, ghníomhaíochtaí an CPL, agus léiríonn na paraiméadair $B_1$ go $B_3$ struchtúr dhreasachtaí scairshealbhóirí, lucht bainistíochta agus chomhaltaí imréitigh an CPL, lena n-áirítear cliaint na gcomhaltaí imréitigh sin.

Slánófar an leibhéal críochnaitheach de réir céatadáin (P) go dtí an tslánuimhir is gaire.

## 2. **Cineál agus castacht na n-aicmí sócmhainní a imréitítear**

Tagraíonn an paraiméadar$A_1$ do chineál agus do chastacht na n-aicmí sócmhainní a imréitítear. Beidh an paraiméadar$A_1$ i raon idir 1 % agus 7 %. Ríomhfar an paraiméadar $A_1$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$A_1 = I_{assets} + I_{FX} + I_{settl}$$

i gcás:

$I_{assets}$ lena léirítear an líon aicmí sócmhainní éagsúla arna n-imréiteach ag an CPL. Ríomhfar luach$I_{assets}$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{assets} = 0,01 \times \min(5, N_{assets}),$$

i gcás inarb ionann$N_{assets}$ agus líon na n-aicmí sócmhainní éagsúla arna n-imréiteach ag an CPL. 1 % a bheidh i luach

$I_{FX}$ i gcás ina n-imréitíonn an CPL sócmhainní a lipéadaítear i níos mó ná airgeadra amháin nó ina dtairgeann sé socraíocht i níos mó ná airgeadra amháin, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile;

$I_{settl}$, léiríonn sé modh socraíochta na ndíorthach. 1 % a bheidh i luach $I_{settl}$ i gcás ina dtairgeann an CPL socraíocht fhisiceach na gconarthaí díorthach, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile.

## 3. **Caidreamh agus idirthuilleamaíochtaí an CPL le bonneagair eile de chuid an mhargaidh airgeadais agus le hinstitiúidí airgeadais eile**

Tagraíonn an paraiméadar $A_2$ do chaidreamh agus d'idirthuilleamaíochtaí an CPL le bonneagair eile de chuid an mhargaidh airgeadais agus le hinstitiúidí airgeadais eile. Beidh an paraiméadar $A_2$i raon idir 0 % agus 2 %. Ríomhfar an paraiméadar $A_2$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$A_2 = I_{FMI} + I_{CMs}$$

mar a léirítear san fhoirmle:

$I_{FMI}$ líon na n-idirthuilleamaíochtaí. 1 % a bheidh i luach $I_{FMI}$ i gcás ina bhfuil níos mó ná cúig idirthuilleamaíocht le hionaid trádála, córais íocaíochta agus córais socraíochta ag an CPL, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile;

$I_{CMs}$, léiríonn sé comhchruinniú chomhaltas imréitigh an CPL. 1 % a bheidh i luach $I_{CMs}$ i gcás inarb éard atá sna cúig chomhalta imréitigh is mó de chuid an CPL níos mó ná 40 % d'acmhainní réamh-mhaoinithe iomlána an CPL, arna gcomhiomlánú i measc na seirbhísí uile agus na gcistí mainneachtana uile, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile. Déanfaidh an CPL sciar acmhainní na gcúig chomhalta imréitigh is mó a chinneadh ar bhonn meán bliantúil.

4. **Eagrúchán inmheánach an CPL**

Tagraíonn an paraiméadar $A_3$ d'éifeachtúlacht eagrúchán inmheánach an CPL. Beidh luach $A_3$ i raon idir 0 % agus 5 %. Ríomhfar an paraiméadar $A_3$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$A_3 = I_{RiskCo} + I_{reporting} + I_{Riskstaff}$$

mar a léirítear san fhoirmle:

$I_{Riskco}$ an idirghníomhaíocht idir an bord agus an coiste riosca arna bhunú de bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) 648/2012. 2 % a bheidh i luach $I_{RiskCo}$ i gcás ina ndearna Bord an CPL níos mó ná 3 chinneadh le 3 bliana anuas i gcás nár leanadh moladh nó seasamh comhairlithe an choiste riosca, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile;

$I_{reporting}$, léiríonn sé an leibhéal tuairiscithe le haghaidh bailíochtú samhla. 0 % a bheidh i luach $I_{reporting}$ i gcás ina bhfuil an bailíochtú samhla neamhspleách go struchtúrtha ar an bhforbairt samhla, agus 1 % a bheidh ann i gcásanna eile;

$I_{Riskstaff}$, léiríonn sé cion na mball foirne a leithdháiltear ar an bhfeidhm bainistíochta riosca. Beidh luach $I_{Riskstaff}$i raon idir 0 % agus 2 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{Riskstaff} = \max\left(0; 0,02 \times \left(1 - \left(1 \Big/ 0,2\right) \times P_{risk}\right)\right),$$

mar arb ionann $P_{risk}$ agus cion choibhéisí lánaimseartha na bainistíochta riosca mar chuid de choibhéisí lánaimseartha iomlána an CPL, lena n-áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe. 2 % a bheidh i luach $I_{Riskstaff}$ i gcás inarb ionann $P_{risk}$agus 0 %, agus 0 % a bheidh ann i gcás inarb ionann $P_{risk}$ agus 20 %.

5. **Stóinseacht chreat bainistíochta riosca an CPL**

Tagraíonn an paraiméadar $A_4$ do stóinseacht chreat bainistíochta riosca an CPL. Beidh luach $A_4$ i raon idir 0 % agus 8 %. Ríomhfar an paraiméadar $A_4$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$A_4 = I_{BT} + I_{incident} + I_{payments}$$

mar a léirítear san fhoirmle:

$I_{BT}$ leordhóthanacht chorrlaigh an CPL arna measúnú trí bhíthin a chúltástálacha. Beidh luach $I_{BT}$ i raon idir 0 % agus 4 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{BT} = 0,04 \times P_{BT},$$

mar arb ionann $P_{BT}$ agus an céatadán de chuntais imréitigh an CPL, arna ríomh mar líon na gcuntas imréitigh a chomhlíonann an critéar i gcomparáid le líon iomlán chuntais imréitigh an CPL, a bhfuil feidhmíocht na gcúltástálacha ar na corrlaigh ina leith faoi bhun íoscheanglas EMIR mar a shonraítear faoi Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiun ([1]) le 12 mhí anuas. 4 % a bheidh i luach $I_{BT}$ i gcás ina bhfuil $P_{BT}$ ag 100 %;

$I_{incident}$ lena léirítear stóinseacht oibríochtúil an CPL, bunaithe ar líon na dteagmhas trádála. Beidh luach$I_{incident}$ i raon idir 0 % agus 2 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{incident} = 0,02 \times \min\left(1; N_{days} \Big/ 10\right),$$

i gcás inarb ionann$N_{days}$ agus líon na laethanta nach raibh an CPL in ann trádálacha nua a phróiseáil ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó le 12 mhí anuas. 2 % a bheidh i luach$I_{incident}$ i gcás inarb ionann$N_{days}$ agus 10 lá;

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis na ceanglais ar chontrapháirtithe lárnacha (IO L 52, 23.2.2013, lch. 41).

$I_{payments}$ lena léirítear stóinseacht oibríochtúil an CPL, bunaithe ar líon na dteagmhas íocaíochta. Beidh luach$I_{payments}$ i raon idir 0 % agus 2 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{payments} = 0,02 \times \min\left(1; {}^{N_{days}}\!\Big/_{10}\right),$$

i gcás inarb ionann$N_{days}$ agus líon na laethanta nach raibh an CPL in ann íocaíochtaí a phróiseáil nó a ghlacadh ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó le 12 mhí anuas. 2 % a bheidh i luach$I_{payments}$ i gcás inarb ionann$N_{days}$ agus 10 lá.

6. **Gníomhaíochtaí ceartaitheacha ar feitheamh tar éis torthaí a fháil ó údarás inniúil an CPL**

Tagraíonn an paraiméadar $A_5$ do líon na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha ábhartha ar feitheamh tar éis torthaí a fháil ó údarás inniúil an CPL. Beidh luach $A_5$ i raon idir 0 % agus 2 %. Ríomhfar luach $A_5$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$A_5 = I_{reco}$$

mar a léiríonn:

$I_{reco}$ na gníomhaíochtaí atá ar feitheamh a bhaineann le hábhair stuamachta. 2 % a bheidh i luach $I_{reco}$ i gcás ina mbeidh gníomhaíocht cheartaitheach ábhartha amháin ar a laghad ar feitheamh ag an CPL tar éis torthaí a fháil óna údarás inniúil ar sháraigh an CPL an sprioc-am a leag an t-údarás inniúil síos ina leith sa phlean ceartaitheach, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile;

Chun críocha na foirmle seo, measfar go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach ábhartha i gcás inar leithdháil an CPL nó an t-údarás inniúil lena mbaineann an tosaíocht is airde ar an ngníomhaíocht cheartaitheach sin bunaithe ar mhaitrís inmheánach ábharthachta an CPL nó ar aicmiú an údaráis inniúil féin.

7. **Úinéireacht, struchtúr caipitil agus brabúsacht an CPL**

Tagraíonn an paraiméadar $B_1$ d'úinéireacht agus do struchtúr caipitil an CPL. Beidh luach $B_1$ i raon idir 0 % agus 4 %. Ríomhfar luach $B_1$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$B_1 = I_{majority} + I_{support}$$

mar a léiríonn:

$I_{majority}$ cineál mháthairghnóthas an CPL. 2 % a bheidh i luach $I_{majority}$ i gcás ina bhfuil máthairghnóthas ag an CPL, seachas grúpaí atá faoi úinéireacht phoiblí, gan rátáil nó le rátáil faoi bhun an ghráid infheistíochta, agus 0 % a bheidh ann i gcásanna eile. Is é a bheidh sa rátáil an rátáil is measa de chuid an eintitis arna soláthar ag gníomhaireacht rátála creidmheasa údaraithe;

$I_{support}$ léiríonn an tacaíocht a fuarthas ó mháthairghnóthas an CPL. 0 % a bheidh i luach $I_{support}$ i gcás ina mbainfidh an CPL tairbhe as tacaíocht airgeadais ábhartha óna mháthairghnóthas arna comhaontú go conarthach i gcás teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana, lena n-áirítear línte geallta nó conarthaí árachais, agus 2 % a bheidh ann i gcásanna eile.

8. **Luach saothair na bainistíochta sinsearaí**

Tagraíonn an paraiméadar $B_2$ don mhéid is féidir tionchar conarthach a imirt ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana. Beidh luach $B_2$ i raon idir 0 % agus 2 %. Ríomhfar luach $B_2$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$B_2 = I_{\%amount} + I_{\%staff}$$

mar a léiríonn:

$I_{\%amount}$ lena léirítear sciar luach saothair inathraithe iomlán na bainistíochta sinsearaí faoi réir clásail aisghlámtha. Beidh luach$I_{\%amount}$ i raon idir 0 % agus 1 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{\%amount} = \max\left(0; 0,01 \times (1 - 2P_{amount})\right),$$

i gcás inarb ionann$P_{amount}$ agus an céatadán de luach saothair inathraithe iomlán bliantúil bhainistíocht shinsearach an CPL faoi réir clásail aisghlámtha i gcás teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana. 1 % a bheidh i luach $I_{\% amount}$i gcás inarb ionann$P_{amount}$ agus 0 %;

Léiríonn $I_{\%staff}$ an céatadán den fhoireann bainistíochta sinsearaí atá faoi réir clásail aisghlámtha i gcás caillteanais mhainneachtana nó neamh-mhainneachtana. Beidh luach $I_{\%staff}$ i raon idir 0 % agus 1 %, agus ríomhfar é i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$I_{\%staff} = \max\left(0; 0,01 \times \left((1 - P_{\%staff})\right)\right),$$

mar arb ionann $P_{\%staff}$ agus an céatadán de bhainistíocht shinsearach an CPL, arna shloinneadh mar % de FTEnna bliantúla meánacha na bainistíochta sinsearaí, atá faoi réir ag clásal chun an luach saothair inathraithe a aisghlámadh.

9. **Rannpháirtíocht na gcomhaltaí imréitigh agus na gcliant i rialachas riosca an CPL**

Tagraíonn an paraiméadar $B_3$ do rannpháirtíocht na gcomhaltaí imréitigh agus na gcliant i rialachas riosca an CPL. Beidh luach $B_3$ i raon idir 0 % agus 2 %. Ríomhfar luach $B_3$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$B_3 = I_{investment} + I_{incentives}$$

mar a léiríonn:

$I_{investment}$ rannpháirtíocht na gcomhaltaí imréitigh agus na gcliant i bpróiseas an chinnidh infheistíochta. 0 % a bheidh i luach $I_{investment}$ i gcás ina bhfuil baint ag comhaltaí imréitigh leis an gcinneadh infheistíochta agus ina seasann siad cuid de na caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann, agus 1 % a bheidh ann i gcásanna eile. Chun luach an táscaire $I_{investment}$ a chinneadh, measfaidh CPLanna go bhfuil baint ag comhaltaí imréitigh leis an gcinneadh infheistíochta i gcás ina rachfar i gcomhairle leo i bpróiseas formheasa bheartas infheistíochta an CPL, nó i ngach cinneadh infheistíochta ar leith;

Léiríonn $I_{incentives}$ na dreasachtaí do chomhaltaí imréitigh sa phróiseas bainistíochta mainneachtana. 0 % a bheidh i luach $I_{incentives}$ i gcás ina mbeidh dreasachtaí ann do chomhaltaí imréitigh a bheith rannpháirteach sa phróiseas bainistíochta mainneachtana, agus 1 % a bheidh ann i gcásanna eile.

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/841 ÓN gCOIMISIÚN

**an 19 Aibreán 2023**

**maidir le hionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a cheapadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 154(1) agus Airteagal 171(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Beidh an Bord Bainistíochta agus an Coiste Buiséid araon comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát, de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún agus d'ionadaí amháin ó Pharlaimint na hEorpa, chomh maith lena gcomhaltaí malartacha faoi seach.

(2) Le Cinneadh C(2016) 3228, cheap an Coimisiún a ionadaithe agus a gcomhaltaí malartacha faoi seach ar an mBord Riaracháin agus ar Choiste Buiséid na hOifige.

(3) Chinn an Coimisiún an fhreagracht as comhalta malartach amháin a aistriú ón Aonad "Rialacha Airgeadais 2 agus Bainistiú Cláir" chuig an Aonad "Beartais Inmheánacha", atá freagrach as gníomhaireachtaí díláraithe, laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid.

(4) Gabhann an Cinneadh seo ionad Chinneadh C(2016) 3228 final a aisghairtear dá bhrí sin;

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is iad na daoine seo a leanas a bheidh in ionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid na hOifige:

(a) leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá freagrach as maoin intleachtúil agus as forfheidhmiú na maoine sin, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an ghóchumtha;

(b) an Stiúrthóir san Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá freagrach as maoin intleachtúil agus as forfheidhmiú na maoine sin, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an ghóchumtha.

2. Is iad na daoine seo a leanas na comhaltaí malartacha:

(a) an Ceann Aonaid in Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá freagrach as maoin intleachtúil agus as forfheidhmiú na maoine sin, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an ghóchumtha;

(b) an Ceann Aonaid atá freagrach as gníomhaireachtaí díláraithe in Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na daoine a áitíonn, lena n-áirítear ar bhonn sealadach, na poist dá dtagraítear in Airteagal 1 ar dháta glactha an Chinnidh seo, nó maidir le haon chomharba ar na daoine sin sna poist sin.

([1]) IO L 154, 16.6.2017, lch. 1.

*Airteagal 3*

Cuirfidh Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ainmneacha na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, do Chathaoirleach an Choiste Buiséid agus do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Aisghairtear Cinneadh C(2016) 3228 final.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA